



Number 38 of 2021

Finance (European Stability Mechanism and Single Resolution Fund) Act 2021



Number 38 of 2021

**FINANCE (EUROPEAN STABILITY MECHANISM AND SINGLE RESOLUTION
FUND) ACT 2021**

CONTENTS

Section

1. Definitions
2. Approval of terms of Amending Agreement
3. Amendment of Act of 2012
4. Amendment of Act of 2014
5. Approval of terms of Intergovernmental Agreement
6. Amendment of Act of 2015
7. Expenses
8. Short title, commencement, collective citation and construction

SCHEDULE 1

PART 1

TEXT OF AMENDING AGREEMENT IN THE IRISH LANGUAGE

PART 2

TEXT OF AMENDING AGREEMENT IN THE ENGLISH LANGUAGE

SCHEDULE 2

PART 1

TEXT OF ESM TREATY IN THE IRISH LANGUAGE

PART 2

TEXT OF ESM TREATY IN THE ENGLISH LANGUAGE

SCHEDULE 3

PART 1

TEXT OF INTERGOVERNMENTAL AGREEMENT IN THE IRISH LANGUAGE

[No. 38.]

*Finance (European Stability
Mechanism and Single Resolution Fund) Act 2021.*

[2021.]

PART 2

TEXT OF INTERGOVERNMENTAL AGREEMENT IN THE ENGLISH LANGUAGE

[2021.]

*Finance (European Stability
Mechanism and Single Resolution Fund) Act 2021.*

[No. 38.]

ACTS REFERRED TO

European Stability Mechanism (Amendment) Act 2014 (No. 32)

European Stability Mechanism Act 2012 (No. 20)

European Stability Mechanism Acts 2012 and 2014

Finance (Miscellaneous Provisions) Act 2015 (No. 37)



Number 38 of 2021

FINANCE (EUROPEAN STABILITY MECHANISM AND SINGLE RESOLUTION FUND) ACT 2021

An Act to provide for the approval of the terms of the Agreement amending the Treaty establishing the European Stability Mechanism done at Brussels on 27 January 2021 and on 8 February 2021 between the Euro Area Member States of the European Union; to provide for the approval of the terms of the Agreement amending the Agreement on the Transfer and Mutualisation of Contributions to the Single Resolution Fund done at Brussels on 27 January 2021 and on 8 February 2021; to amend the European Stability Mechanism Act 2012, the European Stability Mechanism (Amendment) Act 2014 and the Finance (Miscellaneous Provisions) Act 2015; and to provide for related matters.

[9th December, 2021]

Be it enacted by the Oireachtas as follows:

Definitions

1. In this Act—

“Act of 2012” means the European Stability Mechanism Act 2012;

“Act of 2014” means the European Stability Mechanism (Amendment) Act 2014;

“Act of 2015” means the Finance (Miscellaneous Provisions) Act 2015;

“Amending Agreement” means the Agreement amending the Treaty establishing the European Stability Mechanism done at Brussels on 27 January 2021 and on 8 February 2021 between the Euro Area Member States of the European Union, the text of which is, for ease of reference, set out in—

(a) *Part 1 of Schedule 1* in the Irish language, and

(b) *Part 2 of Schedule 1* in the English language;

“ESM Treaty” means the Treaty establishing the European Stability Mechanism done at Brussels on 2 February 2012 between the Euro Area Member States of the European Union as adapted in consequence of the accession of the Republic of Latvia to it on 13 March 2014 and as further adapted in consequence of the accession of the Republic of Lithuania to it on 3 February 2015, the text of which (including the Annexes) is, for ease of reference, set out in—

(a) *Part 1 of Schedule 2* in the Irish language, and

(b) *Part 2 of Schedule 2* in the English language;

“Intergovernmental Agreement” means the Agreement amending the Agreement on the Transfer and Mutualisation of Contributions to the Single Resolution Fund done at Brussels on 27 January 2021 and on 8 February 2021, the text of which is, for ease of reference, set out in—

(a) *Part 1 of Schedule 3* in the Irish language, and

(b) *Part 2 of Schedule 3* in the English language;

“Minister” means the Minister for Finance.

Approval of terms of Amending Agreement

2. The terms of the Amending Agreement are hereby approved.

Amendment of Act of 2012

3. The Act of 2012 is amended—

(a) in section 1, by the substitution of the following definition for the definition of “Treaty”:

“ ‘Treaty’ means the Treaty establishing the European Stability Mechanism done at Brussels on 2 February 2012 between the Euro Area Member States of the European Union as adapted in consequence of the accession of the Republic of Latvia to it on 13 March 2014 and as further adapted in consequence of the accession of the Republic of Lithuania to it on 3 February 2015, as amended by the Agreement amending the Treaty establishing the European Stability Mechanism done at Brussels on 27 January 2021 and on 8 February 2021 between the Euro Area Member States of the European Union.”

and

(b) in section 3, by the substitution of “€11,119,500,000” for “€11,145,400,000”.

Amendment of Act of 2014

4. Section 1(1) of the Act of 2014 is amended by the substitution of the following definition for the definition of “Treaty”:

“ ‘Treaty’ has the meaning given to it by section 1 (amended by *section 3(a)* of the *Finance (European Stability Mechanism and Single Resolution Fund) Act 2021*) of the Principal Act.”

Approval of terms of Intergovernmental Agreement

5. (1) The terms of the Intergovernmental Agreement are hereby approved.

- (2) The Minister shall, as soon as may be after the date from which the Intergovernmental Agreement applies in accordance with Article 5(2) of that Agreement, cause notice of the coming into operation of *section 6* on that date to be published—
- (a) in *Iris Oifigiúil*, and
 - (b) on a website maintained by or on behalf of the Minister or the Government.

Amendment of Act of 2015

6. Section 3(1) of the Act of 2015 is amended by the substitution of the following definition for the definition of “Agreement”:

“ ‘Agreement’ means the Agreement on the Transfer and Mutualisation of Contributions to the Single Resolution Fund done at Brussels on 21 May 2014 as amended by the Agreement amending the Agreement on the Transfer and Mutualisation of Contributions to the Single Resolution Fund done at Brussels on 27 January 2021 and on 8 February 2021;”.

Expenses

7. Any expenses incurred by the Minister in the administration of this Act shall be paid out of moneys provided by the Oireachtas.

Short title, commencement, collective citation and construction

8. (1) This Act may be cited as the Finance (European Stability Mechanism and Single Resolution Fund) Act 2021.
- (2) *Section 6* shall come into operation on the date from which the Intergovernmental Agreement applies in accordance with Article 5(2) of that Agreement.
- (3) The European Stability Mechanism Acts 2012 and 2014 and *sections 2, 3 and 4* may be cited together as the European Stability Mechanism Acts 2012 to 2021 and shall be read together as one.

SCHEDULE 1

PART 1

TEXT OF AMENDING AGREEMENT IN THE IRISH LANGUAGE

COMHAONTÚ

LENA LEASAÍTEAR AN CONRADH

LENA mBUNAÍTEAR AN SÁSRA COBHSAÍOCHTA EORPACH
IDIR RÍOCHT NA BEILGE, POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,
POBLACHT NA hEASTÓINE, ÉIRE, AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,
RÍOCHT NA SPÁINNE, POBLACHT NA FRAINCE,
POBLACHT NA hIODÁILE, POBLACHT NA CIPIRE, POBLACHT NA LAITVIA,
POBLACHT NA LIOTUÁINE, ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG, POBLACHT
MHÁLTA, RÍOCHT NA hÍSILTÍRE, POBLACHT NA hOSTAIRE,
POBLACHT NA PORTAINGÉILE, POBLACHT NA SLÓIVÉINE,
POBLACHT NA SLÓVAICE AGUS POBLACHT NA FIONLAINNE

BROLLACH

TÁ NA PÁIRTITHE CONARTHACHA, Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice agus Poblacht na Fionlainne (“Ballstáit an limistéir euro” nó na “Sínitheoirí”);

AG AITHINT DÓIBH an comhaontú chun cistiú a shlógadh agus maoiniú a chur ar fáil faoin gcúlstop chun críocha úsáid an Chiste Réitigh Aonair (“CRA”), atá faoi úinéireacht an Bhoird Réitigh Aonair (“BRA”) a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹;

AG AITHINT DÓIBH phríomhról an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh (“SCE”) sa bhainistiú géarchéime, ról a fheidhmíonn sé trí thacaíocht chobhsaíochta a chur ar fáil go tráthúil agus go héifeachtach do Bhallstáit an limistéir euro;

TAR ÉIS DÓIBH TEACHT AR CHOMHAONTÚ maidir le pacáiste cuimsitheach chun an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a neartú tuilleadh;

¹ IO L 225, 30.7.2014, lch. 1.

AGUS É MAR AIDHM ACU an Sásra Cobhsaíochta Eorpach a fhorbairt tuilleadh chun athléimneacht agus acmhainní réitigh géarchéime an limistéir euro a neartú, agus leanúint de dhlí an Aontais Eorpaigh a lánurramú lena linn sin;

AG CUIMHNEAMH DÓIBH gur dhearbhaigh Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, ag Cruinniú Mullaigh Euro an 29 Meitheamh 2018 a tionóladh i bhformáid chuimsitheach, go gcuirfeadh SCE an cúlstop coiteann ar fáil do CRA agus go neartófaí é ar bhonn na n-eilimintí a leagtar amach i litir Uachtarán an Ghrúpa Euro dar dáta an 25 Meitheamh 2018;

AG CUIMHNEAMH DÓIBH FREISIN gur fhorhnuigh Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, ag Cruinniú Mullaigh Euro an 14 Nollaig 2018 a tionóladh i bhformáid chuimsitheach, le téarmaí tagartha an chúlstop choitinn sin maille le bileog téarmaí maidir le hathchóiriú SCE, agus gur thug Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, ag Cruinniú Mullaigh Euro an 21 Meitheamh 2019 a tionóladh i bhformáid chuimsitheach, dá n-aire an comhaontú leathan ar thángthas air maidir le leasú an Chonartha lena mBunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Leasuithe ar an gConradh lena mBunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach

Leasaítear an Conradh lena mBunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach mar a leanas:

A. Leasaítear an brollach mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris (4):

“(4) Is é an chéad bheart cosanta ba cheart a bheith ann fós i gcoinne géarchéimeanna muiníne a dhéanfadh difear do chobhsaíocht an limistéir euro, urramú docht chreat dlí an Aontais Eorpaigh, urramú docht an chreata chomhtháite um fhaireachas buiséadach agus maicreacnamaíoch, go háirithe an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, urramú docht an chreata um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus na rialacha maidir le rialachas eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh.”.

(2) Cuirtear isteach na haithrisí seo a leanas:

“(5a) Ag Cruinniú Mullaigh Euro an 29 Meitheamh 2018 a tionóladh i bhformáid chuimsitheach, dhearbhaigh Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu go soláthródh SCE an cúlstop coiteann don Chiste Réitigh Aonair (‘CRA’) agus go neartófaí é ar bhonn na n-eilimintí a leagtar amach i litir Uachtarán an Ghrúpa Euro dar dáta an 25 Meitheamh 2018. Ag Cruinniú Mullaigh Euro an 14 Nollaig 2018 a tionóladh i bhformáid chuimsitheach, d’fhorhnuigh Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu le téarmaí tagartha an chúlstop choitinn sin atá le cur ar fáil ag SCE, maille le bileog téarmaí maidir le hathchóiriú SCE. Foráiltear, sa bhileog téarmaí maidir le hathchóiriú SCE, go mbunófar an cúlstop coiteann i gcomhair

CRA faoi dheireadh na hidirthréimhse, ar a dhéanaí. Foráiltear freisin, sa bhileog téarmaí maidir le hathchóiriú an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh, go méadófar éifeachtacht na n-ionstraimí cúnamh airgeadais réamhchúraim i gcomhair Comhaltaí de SCE a bhfuil bunstaid a ngeilleagair ar fónamh, a bhféadfadh turraing dhíobhálach a bheadh thar a smacht difear a dhéanamh dóibh. I gcomhréir leis an gcomhsheasamh maidir leis an gcomhar sa todhchaí idir an Coimisiún Eorpach agus SCE, atá mar iarscríbhinn a ghabhann leis an mbileog téarmaí maidir le hathchóiriú SCE maidir leis an measúnú incháilitheachta faoin líne chreidmheasa réamhchúraim, ag brath ar raon beacht na gcritéar incháilitheachta, gabhfaidh an Coimisiún Eorpach agus SCE orthu a ról féin faoi seach i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh, leis an gConradh seo agus le treoirlínte SCE. Foráiltear freisin, sa bhileog téarmaí maidir le hathchóiriú SCE, go gcuirfeadh corrlach breise i bhfeidhm i gcás nach ndéanfaidh Comhalta de SCE, ar deonaíodh cúnamh airgeadais réamhchúraim SCE dó, an choinníollacht a ghabhann leis an gcúnamh sin a chomhlíonadh tar éis dó cistí a tharraingt, ach amháin i gcás inarb é is cúis leis an neamh-chomhlíonadh sin imthosca a bhí thar smacht an rialtais. Thairis sin, sa bhileog téarmaí maidir le hathchóiriú SCE, daingnítear go bhfuil an choinníollacht fós ina prionsabal bunúsach de chuid an Chonartha seo agus de chuid ionstraimí uile SCE, ach go gcaithfeadh na téarmaí beachta a chur in oiriúint do gach ionstraim ar leith.

(5b) Sa chomhsheasamh maidir leis an gcomhar sa todhchaí idir SCE agus an Coimisiún Eorpach, leagtar amach an comhaontú maidir le módúlachtaí nua an chomhair laistigh de chláir chúnamh airgeadais agus lasmuigh díobh. Tá cuspóirí comhchoiteanna ag an gCoimisiún Eorpach agus ag SCE agus feidhmeoidh siad cúraimí sonracha a bhaineann leis an mbainistiú géarchéime ar son an limistéir euro ar bhonn dhlí an Aontais Eorpaigh agus an Chonartha seo. Dá bhrí sin, oibreoidh an dá institiúid go dlúth le chéile ar bhearta bainistithe géarchéime SCE lena ngabhfaidh rialachas éifeachtúil a shaothróidh an chobhsaíocht airgeadais trí shaineolas a chéile a chomhlánú. Áirithíonn an Coimisiún Eorpach an chomhsheasmhacht le dlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe leis an gcreat um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. Déanann SCE a chuid anailíse agus measúnaithe trí pheirspictíocht iasachtóra. Déanfar an comhsheasamh maidir leis an gcomhar sa todhchaí a ionchorprú go hiomlán i meabhrán comhair, mar a leagtar amach in Airteagal 13(8), nuair a thiocthaidh na leasuithe ar an gConradh seo i bhfeidhm.”.

(3) In aithris (7), cuirtear an abairt seo a leanas léi:

“Tugann Comhaltaí SCE aitheantas don idirphlé atá ar siúl idir an Stiúrthóir Bainistíochta agus Parlaimint na hEorpa.”.

(4) In aithris (8), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú habairt:

“Maidir le haon Bhallstát den limistéir euro a iarrfaidh cúnamh airgeadais ar SCE, beifear ag súil go ndéanfaidh sé, i ngach cás inarb iomchuí, iarraidh chomhchosúil a dhíriú chuig CAI.”.

(5) Cuirtear isteach an aithris seo a leanas:

“(9a) Ballstáit den Aontas Eorpach nach bhfuil an euro mar airgeadra acu agus a bhfuil dlúthchomhar bunaithe acu leis an mBanc Ceannais Eorpach (‘BCE’) i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa², beifear ag súil go gcuirfidh siad línte creidmheasa comhthreomhara ar fáil, i gcomhar le SCE, i gcomhair CRA. Beidh na Ballstáit sin rannpháirteach, ar théarmaí coibhéiseacha, sa chúlstóp coiteann (‘Ballstáit Rannpháirteacha’). Ba cheart a iarraidh ar ionadaithe na mBallstát Rannpháirteach freastal, i gcáil breathnóirí, ar chruinnithe den Bhord Rialtóirí agus den Bhord Stiúrthóirí ina bpléifear ábhair a bhaineann leis an gcúlstop coiteann agus ba cheart an rochtain ar fhaisnéis a bheidh acu sin agus ag ionadaithe eile a bheith comhionann. Ba cheart socruithe iomchuí a chur ar bun i gcomhair comhroinnt faisnéise agus comhordú tráthúil idir SCE agus na Ballstáit Rannpháirteacha. Ba cheart é a bheith indéanta a iarraidh ar ionadaithe de chuid an Bhoird Réitigh Aonair (‘BRA’) freastal, i gcáil breathnóirí, ar bhonn *ad hoc*, ar chruinnithe den Bhord Rialtóirí agus den Bhord Stiúrthóirí ina bpléifear an maoiniú faoin gcúlstop.”.

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris (10):

“(10) An 20 Meitheamh 2011, thug ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh údarú do na Páirtithe Conarthacha sa Chonradh seo a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar BCE na cúraimí dá bhforáiltear sa Chonradh seo a chomhlíonadh. Admhaítear nach bhfuil san áireamh, sna dualgais a thugtar don Choimisiún Eorpach agus do BCE leis an gConradh seo, aon chumhachtaí chun cinntí dá gcuid féin a dhéanamh agus gur ar SCE agus air sin amháin a chuirfear ceangal leis na cúraimí a fhorghníomhú an dá institiúid sin ar bhonn an Chonartha seo.”.

(7) In aithris (11), cuirtear na habairtí seo a leanas léi:

“Tar éis thabhairt isteach na CCGanna sin amhail ón 1 Eanáir 2013, tá Comhaltaí SCE tiomanta do CCGanna a thabhairt isteach lena ndéanfar foráil le haghaidh vótáil chomhiomlán uile-shraitheach (‘CCGanna uile-shraitheachta’) faoi 2022. Déanfar na módúlachtaí dlí mionsonraithe a chomhaontú laistigh den Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, agus lena linn sin tabharfar ceanglais bhunreachtúla náisiúnta san áireamh, chun go gcuirfidh Comhaltaí uile SCE na CCGanna uile-shraitheachta chun feidhme i leith urrúis rialtais nua sa limistéar euro ar dhóigh a áiritheoidh gur comhionann a bheidh toradh dlí na CCGanna sin.”.

(8) Cuirtear isteach na haithrisí seo a leanas:

“(11a) Arna iarraidh sin do Chomhalta de SCE agus i gcás inarb iomchuí, féadfaidh SCE idirphlé a éascú idir an Comhalta sin de SCE agus a infheisteoirí príobháideacha ar bhonn deonach neamhfhoirmiúil neamhcheangailteach sealadach rúnda.

(11b) Is do Chomhaltaí de SCE a meastar go bhfuil a bhfiachas inbhuanaithe agus a ndeimhnítear gurb acmhainn dóibh an aisíocaíocht le SCE, agus dóibhsean

² IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.

amháin, ba cheart do SCE tacaíocht chobhsaíochta a dheonú. Is ar bhonn trédhearcach sothuartha a dhéanfar measúnú ar inbhuanaitheacht fiachais agus ar acmhainn aisíocaíochta, cé gurb amhlaidh, lena linn sin, go mbeidh fairsinge go leor ann le haghaidh an dea-bhreithiúnais. Is iad a dhéanfaidh na measúnaithe sin an Coimisiún Eorpach i gcuibhreann le BCE, agus SCE agus i ngach cás inarb iomchuí agus indéanta in éineacht le CAI i gcomhréir leis an gConradh seo, le dlí an Aontais Eorpaigh agus leis an meabhrán comhair arna dhéanamh de bhun Airteagal 13(8). I gcás nach n-eascraíonn dearcadh comhchoiteann as an gcomhoibriú, déanfaidh an Coimisiún Eorpach measúnú foriomlán ar inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí, agus déanfaidh SCE measúnú ar acmhainn an Chomhalta de SCE lena mbaineann aisíocaíocht a dhéanamh le SCE.”.

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris (12):

“(12) I gcásanna eisceachtúla, déanfar foirm rannpháirtíochta ag an earnáil phríobháideach, ar foirm iomchuí chomhréireach í atá i gcomhréir le cleachtas CAI, a bhreithniú i gcásanna ina ndeonaítear tacaíocht chobhsaíochta agus coinníollacht ag gabháil léi i bhfoirm clár coigeartuithe maireacnamaíocha.”.

(10) In aithris (13), cuirtear an abairt seo a leanas léi:

“Beidh stádas mar chreidiúnaí tosaíochta ag iasachtaí cúlstop a thabharfaidh SCE do BRA, ar bhealach atá comchosúil leis an mbealach ina bhfuil an stádas sin ag iasachtaí eile a thugann SCE.”.

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 14:

“(14) Tacóidh Ballstáit an limistéir euro le deonú stádais choibhéisigh mar chreidiúnaí do SCE agus do Stáit eile a thabharfaidh iasachtaí déthaobhacha i gcomhar le SCE, agus áireofar air sin é sin a dhéanamh i ndáil le hiasachtaí cúlstop do BRA.”.

(12) Cuirtear isteach na haithrisí seo a leanas:

“(15a) Leagtar amach le hAirteagal 2(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘CFAE’) go ndéanfaidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh comhordú ar a mbeartais eacnamaíocha laistigh de shocruithe dá bhforáiltear in CFAE. I gcomhréir le hAirteagal 5(1) CFAE agus le hAirteagal 121 CFAE, tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh chun comhordú a dhéanamh, laistigh de Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ar a gcuid beartas eacnamaíoch. Dá réir sin, níor cheart feidhm a bheith ag SCE chun críoch comhordaithe beartas eacnamaíoch i measc Comhaltaí de SCE, óir déantar foráil le dlí an Aontais Eorpaigh maidir leis na socruithe is gá chuige sin. Urramaíonn SCE na cumhachtaí a thugtar, le dlí an Aontais Eorpaigh, d’institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais.

(15b) Aithníonn Comhaltaí SCE go bhfuil cinnteoireacht thapa, éifeachtúil faoi shaoráid an chúlstop agus comhordú leis na Ballstáit Rannpháirteacha a ghlacfaidh páirt, i gcomhar le SCE, i maoiniú faoin gcúlstop i gcomhair CRA thar a bheith tábhachtach chun éifeachtacht an chúlstop choitinn agus na réiteach a mhaoineítear leis a áirithiú, de réir mar a léirítear i dtéarmaí tagartha an chúlstop choitinn a d’fhormhuinigh Ceannairí Stáit agus Rialtais na mBallstát a bhfuil an

euro mar airgeadra acu leis ag Cruinniú Mullaigh Euro an 14 Nollaig 2018 a tionóladh i bhformáid chuimsitheach. Foráiltear, sna téarmaí tagartha, go n-áireoidh critéir i leith eisíocaíochtaí faoin tsaoráid chúlstop inter alia prionsabal na rogha deiridh agus prionsabal na neodrachtá buiséadaí ar feadh an mheántearma, lán-chomhlíonadh Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010³ ('SRMR') agus Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012⁴ ('TTRB'), agus bhuaine an chreata dlí. Foráiltear, sna téarmaí tagartha, go ndéanfaidh SCE cinneadh maidir le húsáid an chúlstop, de ghnáth, laistigh de 12 uair an chloig ón tráth a bhfaighidh BRA an iarraidh, agus beidh an tréimhse sin infhadaithe ag an Stiúrthóir Bainistíochta go dtí 24 uair an chloig i gcásanna eisceachtúla, go háirithe i gcás oibríocht réitigh thar a bheith casta, agus ceanglais bhunreachtúla náisiúnta á n-urramú lena linn sin.”.

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 16:

“(16) Aithnítear leis an gConradh seo neamhspleáchas Stiúrthóir Bainistíochta agus fhoireann SCE. Ba cheart é a fheidhmiú ar dhóigh, i gcás inarb ábhartha agus mar a fhoráiltear sa Chonradh seo, a gcaomhnóidh an chomhréireacht le dlí an Aontais Eorpaigh, arb é an Coimisiún Eorpach a dhéanann maoirseacht ar a chur i bhfeidhm.”.

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 17:

“(17) Ba cheart díospóidí a eascróidh idir na Páirtithe Conarthacha nó idir na Páirtithe Conarthacha agus SCE maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm an Chonartha seo a chur faoi bhráid dhlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 273 CFAE.

(18) Cuirfidh SCE córais foláirimh chúí ar bun agus é mar aidhm leo a áirithiú go bhfaighidh sé, ar dhóigh thráthúil, aon aisíocaíochtaí a bheidh ag dul dó i ndáil le tacaíocht chobhsaíochta nó i ndáil leis an tsaoráid chúlstop. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach, i gcuibhreann le BCE, agus Comhairle an Aontais Eorpaigh faireachas iarchláir faoi chuimsiú an chreata a leagtar síos de bhun Airteagail 121 agus 136 CFAE.”.

B. Leasaítear na hAirteagail mar a leanas:

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

3 IO L 225, 30.7.2014, lch. 1.

4 IO L 173, 12.6.2014, lch. 190.

“AIRTEAGAL 3

Cuspóirí

1. Is é is cuspóir do SCE cistiú a shlógadh agus tacaíocht chobhsaíochta a sholáthar, faoi choinníollacht dhocht, a bheidh cuí don ionstraim cúnaimh airgeadais a roghnófar, chun leasa Comhaltaí de SCE a bhfuil deacrachtaí móra maoinithe acu nó a bhfuil deacrachtaí móra maoinithe ag bagairt orthu, má tá na nithe sin fíorriachtanach chun cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine agus a Bhallstát a choimirciú. I gcás inarb ábhartha chun é féin a ullmhú go himmheánach agus é a bheith ar a chumas, ar dhóigh chuí thráthúil, tabhairt faoi na cúramaí a thugtar dó leis an gconradh seo, féadfaidh SCE súil a choinneáil ar staid mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a Chomhaltaí, agus measúnú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear inbhuanaitheacht a bhfiachais phoiblí, agus féadfaidh sé anailís a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shonraí ábhartha. Chun na críche sin, oibreoidh an Stiúrthóir Bainistíochta i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le BCE chun a áirithiú go mbeidh lán-chomhsheasmhacht ann leis an gcreat um chomhordú an bheartais eacnamaíoch dá bhforáiltear in CFAE.
2. Féadfaidh SCE an tsaoráid chúlstop a sholáthair do BRA i gcomhair CRA chun tacú le cur i bhfeidhm na n-uirlisí réitigh agus le feidhmiú chumhachtaí réitigh BRA mar a chumhdaítear i ndlí an Aontais Eorpaigh.
3. Chun na gcríoch sin, beidh SCE i dteideal cistí a thiomsú trí ionstraimí airgeadais a eisiúint nó trí theacht ar chomhaontuithe nó ar shocruithe airgeadais, nó ar chomhaontuithe nó ar shocruithe eile, le Comhaltaí de SCE, le hinstiúidí airgeadais nó le tríú páirtithe eile.
4. Gan dochar do mhír 1, an choinníollacht a chuirfear i bhfeidhm, beidh sí iomchuí don ionstraim cúnaimh airgeadais a roghnófar, mar a leagtar síos sa Chonradh seo.”.

(16) In Airteagal 4(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

“De mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo, déanfar nós imeachta vótála éigeandála a úsáid i gcásanna ina dtagann an Coimisiún Eorpach agus BCE araon ar an tátal go mbeadh bagairt ann ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus airgeadais an limistéir euro má mhainnítear cinneadh a ghlacadh go práinneach chun cúnaimh airgeadais, arna shainmhíniú in Airteagail 13 go 18, a dheonú nó a chur chun feidhme.”.

(17) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 4, cuirtear an abairt seo a leanas léi:

“Maidir le hionadaithe Ballstát Rannpháirteach a ghlacfaidh páirt i gcomhar le SCE i maoiniú faoin gcúlstop i gcomhair CRA, iarrfar orthu sin freisin freastal, i gcáil breathnóirí, ar chruinnithe an Bhoird Rialtóirí nuair a phléifear ábhair a bhaineann leis an gcúlstop coiteann.”;

(b) leasaítear mír 6 mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
- “(a) an cúlchiste éigeandála a chealú agus a bhfuil ann a aistriú ar ais chuig an gcúlchiste agus/nó chuig an gcaipiteal íoctha, i gcomhréir le hAirteagal 4(4), an fhionraí ar chur i bhfeidhm na chéad fhomhíre d’Airteagal 18a(6) a chealú, an tromlach vótála, faoin nós imeachta éigeandála vótála, a theastaíonn chun cinneadh a ghlacadh maidir le hiasachtaí, agus na heisíocaíochtaí ina leith, faoin tsaoráid chúlstop a athrú agus na himthosca ina ndéanfar athbhreithniú amach anseo a shocrú, i gcomhréir leis an tríú fómhír d’Airteagal 18a(6);”;
- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):
- “(f) tacaíocht chobhsaíochta ó SCE a sholáthar, lena n-áirítear an choinníollacht i dtaca le beartas eacnamaíoch arna lua sa mheabhrán tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 13(3) nó dá dtagraítear in Airteagal 14(2), agus an rogha ionstraimí agus na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a bhunú, i gcomhréir le hAirteagail 12 go 18;”;
- (iii) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:
- “(fa) na critéir incháilitheachta a athrú le haghaidh an chúnaimh airgeadais réamhchúraim a leagtar amach in Iarscríbhinn III i gcomhréir le hAirteagal 14(1);”;
- (iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):
- “(g) a chur de chúram (i) ar an Stiúrthóir Bainistíochta agus (ii) ar an gCoimisiún Eorpach i gcuibhreann le BCE, an choinníollacht i dtaca le beartas eacnamaíoch a bheidh ag gabháil le cúnaimh airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 13(3), a chaibidlíú, le chéile;”;
- (v) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:
- “(ga) saoráid chúlstop a dheonú, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 18a(1), na critéir i dtaca le formheas iasachtaí agus eisíocaíochtaí faoin tsaoráid chúlstop a leagtar amach in Iarscríbhinn IV i gcomhréir leis an dara fómhír d’Airteagal 18a(1) a athrú, aon cheann de heilimintí a leagtar amach sa tríú fómhír d’Airteagal 18a(1) a chinneadh, agus cinneadh a dhéanamh maidir le foirceannadh a dhéanamh ar an tsaoráid chúlstop sin, nó leanúint ar aghaidh léi, i gcomhréir le hAirteagail 18a(1) agus (8);”;
- (vi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):
- “(h) an beartas praghsála agus an treoirlíne praghsála le haghaidh cúnaimh airgeadais nó saoráid chúlstop i gcomhair CRA a athrú, i gcomhréir le hAirteagal 20;”;
- (vii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):
- “(j) na módúlachtaí a bhunú maidir le haistriú na tacaíochta ó SaorCAE go dtí SCE, lena n-áirítear tráinse breise caipitil údaraithe a chruthú, i

gcomhréir le hAirteagal 40;”.

(18) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an abairt seo a leanas léi:

“Maidir le hionadaithe Ballstát Rannpháirteach a ghlacfaidh páirt i gcomhar le SCE i maoiniú faoin gcúlstop i gcomhair CRA, iarrfar orthu sin freisin freastal, i gcáil breathnóirí, ar chruinnithe an Bhoird Stiúrthóirí nuair a phléifear saincheisteanna a bhaineann leis an gcúlstop.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí a iarraidh ar dhaoine eile, lena n-áirítear ionadaithe de chuid institiúidí nó eagraíochtaí, freastal, i gcáil breathnóirí, ar chruinnithe ar bhonn *ad hoc*.”.

(19) In Airteagal 7(4), cuirtear an abairt seo a leanas leis:

“Ní bheidh Stiúrthóir Bainistíochta ná foireann SCE freagrach ach do SCE amháin agus beidh siad neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a ndualgas.”.

(20) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“1a. Féadfaidh SCE an tsaoráid chúlstop a sholáthar do CRA, gan dochar do dhlí an Aontais Eorpaigh ná d’inniúlachtaí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh. Ní dheonófar iasachtaí faoin tsaoráid chúlstop ach amháin mar rogha dheiridh agus ní dheonófar iad ach a mhéid a bheidh neodracht bhuiséadach ar feadh an mheántearma ag baint leis sin.”;

(b) i mír 3, cuirtear an abairt seo a leanas léi:

“Beidh feidhm ag vótáil chomhiomlán uile-shraitheach i leith na n-urrús rialtais nua uile sa limistéar euro, lena ngabhfaidh aibíocht níos faide ná bliain amháin, a eiseofar an 1 Eanáir 2022 nó dá éis sin.”;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“4. Le linn dó na cúraimí a thugtar dó sa Chonradh seo a fheidhmiú, áiritheoidh an Coimisiún Eorpach, maidir le haon oibríochtaí cúnaimh airgeadais a sholáthróidh SCE faoin gConradh seo, go mbeidh na hoibríochtaí sin, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe leis na bearta comhordaithe beartais eacnamaíoch dá bhforáiltear in CFAE.”.

(21) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

“1. Féadfaidh Comhalta de SCE iarraidh ar thacaíocht chobhsaíochta a dhíriú chuig Cathaoirleach an Bhoird Rialtóirí. Léireofar san iarraidh sin an ionstraim nó na hionstraimí cúnaimh airgeadais a bheidh le breithniú. Ar

iarraidh den sórt sin a fháil, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Rialtóirí de, (i) ar an Stiúrthóir Bainistíochta agus (ii) ar an gCoimisiún Eorpach i gcuibhreann le BCE, na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích in éineacht le chéile:”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b);

“(b) measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an fiachas poiblí inbhuanaithe agus i dtaobh an féidir an tacaíocht chobhsaíochta a aisíoc. Déanfar an measúnú sin ar dhóigh thrédhearcach shothuartha, cé gurb amhlaidh, lena linn sin, go mbeidh fairsinge go leor ann le haghaidh an dea-bhreithiúnais. Aon uair is iomchuí agus is féidir, ní foláir measúnú den sórt sin a dhéanamh in éineacht le CAI;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ar bhonn iarraidh an Chomhalta de SCE agus na measúnuithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus mholadh an Stiúrthóra Bainistíochta a bheidh bunaithe ar na measúnuithe sin agus, i gcás inarb infheidhme, na measúnuithe dearfacha dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus (2), féadfaidh an Bord Rialtóirí cinneadh a dhéanamh tacaíocht chobhsaíochta a dheonú, i bprionsabal, don Chomhalt de SCE lena mbaineann, i bhfoirm saoráid cúnaimh airgeadais.”;

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“3. Má ghlactar cinneadh de bhun mhír 2 cé is moite de chinneadh i leith líne chreidmheasa faoi choinníoll réamhchúram, cuirfidh an Bord Rialtóirí de chúram (i) ar an Stiúrthóir Bainistíochta agus (ii) ar an gCoimisiún Eorpach i gcuibhreann le BCE, in éineacht le chéile agus, i ngach cás inar féidir, in éineacht le CAI, freisin an cúram dul i mbun caibidlíochta leis an gComhalt de SCE lena mbaineann maidir le meabhrán tuisceana (‘MT’) ina ndéanfar mionsonrú ar an gcoinníollacht a bheidh ag gabháil leis an tsaoráid cúnaimh airgeadais. Beidh inneachar an MT ag freagairt do dhéine na laigí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu agus don ionstraim cúnaimh airgeadais atá roghnaithe. Ullmhóidh an Stiúrthóir Bainistíochta togra le haghaidh comhaontú um shaoráid cúnaimh airgeadais, lena n-áireofar na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais, agus an rogha ionstraimí, a bheidh le glacadh ag an mBord Rialtóirí.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Síneoidh an Coimisiún Eorpach agus an Stiúrthóir Bainistíochta an MT thar ceann SCE, ach sin faoi réir na coinníollacha a leagtar amach i mír 3 a chomhlíonadh roimh ré agus faoi réir a fhormheasa ag an mBord Rialtóirí.”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Beidh sé de chúram (i) ar an Stiúrthóir Bainistíochta agus (ii) ar an gCoimisiún Eorpach i gcuibhreann le BCE, in éineacht le chéile agus, i ngach cás inar féidir, in éineacht le CAI freisin, faireachán a dhéanamh ar

chomhlíonadh na coinníollachta a bheidh ag gabháil leis an tsaoráid cúnamh airgeadais.”;

(f) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“8. Faoi réir formheas an Bhoird Stiúrthóirí a bheith faighte aige roimh ré de thoil a chéile, féadfaidh SCE dul faoi chuing meabhrán comhair a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach, meabhrán tuisceana lena ndéanfar mionsonrú ar an gcomhar idir an Stiúrthóir Bainistíochta agus an Coimisiún Eorpach i ndáil le comhlíonadh na gcúraimí a leagtar orthu de bhun mhíreanna 1, 3 agus 7 den Airteagal seo, agus dá dtagraítear in Airteagal 3(1).”.

(22) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

“AIRTEAGAL 14

Cúnamh airgeadais réamhchúraim SCE

1. Trí ionstraimí cúnamh airgeadais réamhchúraim SCE, déantar tacaíocht airgeadais a sholáthar do Chomhaltaí de SCE a bhfuil bunstaid a ngeilleagair ar fónamh agus a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh de dheasca turraing dhíobhálach a bheadh thar a smacht. Féadfaidh an Bord Rialtóirí a chinneadh cúnamh airgeadais réamhchúraim a dheonú do Chomhalta de SCE, a bhfuil a fhiachas rialtais inbhuanaithe, i bhfoirm líne chreidmheasa faoi choinníoll réamhchúraim nó i bhfoirm líne chreidmheasa faoi choinníollacha breisithe i gcomhréir le hAirteagal 12(1), ach sin faoi réir critéir incháilitheachta a chomhlíonadh ar critéir iad a chuirfead i bhfeidhm maidir le gach cineál cúnamh den sórt sin mar a fhoráiltear in Iarscríbhinn III.

Féadfaidh an Bord Rialtóirí cinneadh a dhéanamh na critéir incháilitheachta le haghaidh an chúnamh airgeadais réamhchúraim SCE a athrú agus Iarscríbhinn III a leasú dá réir sin. Tiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm tar éis do Chomhaltaí SCE fógra a thabhairt don Taiscí á rá go bhfuil a nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme tugtha i gcrích.

2. Cuimseoidh an choinníollacht a ghabhfaidh le líne chreidmheasa faoi choinníoll réamhchúraim, urramú leanúnach na gcritéir incháilitheachta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III agus tabharfaidh an Comhalta de SCE lena mbaineann gealltanas tiomantais ina leith ina iarraidh shínte de bhun Airteagal 13(1) ar iarraidh í ina dtarraingeoidh sé aird ar an intinn atá aige faoina phríomhbheartais (‘Litir Intinne’). Tar éis dó Litir Intinne den sórt sin a fháil, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Rialtóirí de chúram ar an gCoimisiún Eorpach measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an intinn bheartais a léirítear sa Litir Intinne i lánchomhréir leis na bearta comhordaithe beartais eacnamaíoch dá bhforáiltear in CFAE, go háirithe an bhfuil siad i lánchomhréir le haon ghníomh de chuid dhlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear aon tuairim, aon fholáireamh, aon mholadh nó aon chinneadh a dhíreofar chuig an gComhalta de SCE lena mbaineann. De mhaolú ar Airteagal 13(3) agus (4), ní dhéanfar aon MT a chaibidliú.

3. An choinníollacht a ghabhfaidh leis an líne chreidmheasa faoi choinníollacha breisithe, déanfar mionsonrú uirthi san MT, i gcomhréir le hAirteagal 13(3) agus beidh sí comhleánach leis na critéir incháilitheachta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III.
4. Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a bhaineann leis an gcúnamh airgeadais réamhchúraim ó SCE a shonrú i gcomhaontú um shaoráid cúnaimh airgeadais réamhchúraim a bheidh le síniú ag an Stiúrthóir Bainistíochta.
5. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí na treoirlínte mionsonraithe maidir leis na módúlachtaí i dtaca le cur chun feidhme an chúnaimh airgeadais réamhchúraim ó SCE.
6. Déanfaidh an Bord Stiúrthóirí tuarascáil a ullmhófar i gcomhréir le hAirteagal 13(7) a bhreithniú go tráthrialta, is é sin le rá, gach sé mhí ar a laghad nó tar éis do Chomhaltaí SCE cistí a tharraingt den chéad uair (trí iasacht nó trí cheannach ar an mbunmhargadh). Maidir le líne chreidmheasa faoi choinníoll réamhchúraim, fíorófar sa tuarascáil go bhfuil na critéir incháilitheachta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo á n-urramú go leanúnach ach, maidir le líne chreidmheasa faoi choinníollacha breisithe, fíorófar sa tuarascáil go bhfuil na coinníollacha i dtaca le beartais, a shonraítear san MT, á gcomhlíonadh. I gcás inarb é tátal na tuarascála go bhfuil an Comhalta de SCE fós ag urramú na gcritéir incháilitheachta a ghabhann leis an líne chreidmheasa faoi choinníoll réamhchúraim nó ag comhlíonadh na gcoinníollachta a ghabhann leis an líne chreidmheasa faoi choinníollacha breisithe, coimeádfar an líne chreidmheasa mura rud é go n-iarrfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta nó aon Stiúrthóir eile cinneadh a dhéanamh, de thoil a chéile, i dtaobh an ceart an líne chreidmheasa a choimeád.
7. Más é tátal na tuarascála sin a ullmhaíodh de bhun mhír 6 den Airteagal seo nach bhfuil an Comhalta de SCE ag urramú a thuilleadh na gcritéir incháilitheachta a ghabhann leis an líne chreidmheasa faoi choinníoll réamhchúraim nó ag comhlíonadh na coinníollachta a ghabhann leis an líne chreidmheasa faoi choinníollacha breisithe, scoirfear den rochtain ar an líne chreidmheasa, mura rud é go gcinnefidh an Bord Stiúrthóirí de thoil a chéile an líne chreidmheasa a choimeád. Más amhlaidh gur tharraing an Comhalta de SCE cistí cheana, cuirfear corrlach breise i bhfeidhm i gcomhréir leis an treoirlíne praghsála a ghlacfaidh an Bord Rialtóirí de bhun Airteagal 20(2), mura rud é go measfaidh an Bord Rialtóirí, ar bhonn na tuarascála, gur de thoradh imthosca a bhí thar smacht an Chomhalta de SCE a rinneadh an neamhchomhlíonadh. Mura gcoimeádfar an líne chreidmheasa, féadfar foirm eile cúnaimh airgeadais a iarraidh agus a dheonú i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoin gConradh seo.”.

(23) In Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

- “5. I gcás inarb infheidhme, déanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh, de thoil a chéile, ar fháil togra dó ón Stiúrthóir Bainistíochta agus tar éis tuarascáil a fháil ón Stiúrthóir Bainistíochta agus ón gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 13(7), i dtaobh eisíocaíocht na dtráinsí den chúnamh airgeadais i ndiaidh an

chéad tráinse.”.

(24) In Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Déanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh, de thoil a chéile, ar fháil togra dó ón Stiúrthóir Bainistíochta agus tar éis tuarascáil a fháil ón Stiúrthóir Bainistíochta agus ón gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 13(7), i dtaobh eisíocaíocht thráinsí an chúnamh airgeadais i ndiaidh an chéad tráinse.”.

(25) In Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Tar éis dóibh togra a fháil ón Stiúrthóir Bainistíochta agus tuarascáil a fháil ón Stiúrthóir Bainistíochta agus ón gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 13(7), déanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh, de thoil a chéile, i dtaobh eisíocaíocht cúnamh airgeadais le Ballstát is tairbhí trí oibríochtaí ar an mbunmhargadh.”.

(26) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

“AIRTEAGAL 18a

Saoráid chúlstop

1. Ar bhonn iarrata ar shaoráid chúlstop ó BRA agus ar bhonn togra ón Stiúrthóir Bainistíochta, féadfaidh an Bord Rialtóirí cinneadh a dhéanamh saoráid chúlstop a dheonú do BRA lena gcumhdófaí gach úsáid ab fhéidir a bhaint as CRA mar a chumhdaítear i ndlí an Aontais Eorpaigh, ach sin faoi réir coimircí iomchuí a bheith ann.

Tá foráil in Iarscríbhinn IV maidir leis na critéir chun iasachtaí agus eisíocaíochtaí a fhorpheas faoin tsaoráid chúlstop. Féadfaidh an Bord Rialtóirí cinneadh a dhéanamh na critéir maidir le formheas iasachtaí agus eisíocaíochtaí a athrú, agus Iarscríbhinn IV a leasú dá réir sin. Tiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm a luaithe a bheidh fógra tugtha ag Comhaltaí SCE don Taiscí á rá go bhfuil a nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme tugtha i gcrích.

Cinnfidh an Bord Rialtóirí príomhthearmaí agus príomhchoinníollacha airgeadais na saoráide cúlstop, an uasteorainn ainmniúil agus aon choigeartuithe uirthi sin, forálacha maidir leis an nós imeachta maidir le fíorú chomhlíonadh an choinníll i leith bhuaine an chreata dlí um réiteach baine agus maidir leis na hiarmhairtí a ghabhfaidh leis sin a mhéid a bhaineann leis an tsaoráid chúlstop agus lena húsáid, agus freisin na coinníollacha ar dá réir a fhéadfaidh an Bord Rialtóirí an tsaoráid chúlstop a fhoirceannadh agus na coinníollacha agus na teorainneacha ama ar dá réir a fhéadfaidh an Bord Rialtóirí cinneadh a dhéanamh an tsaoráid chúlstop a choimeád ar siúl de bhun mhír 8.

2. Is i bhfoirm líne chreidmheasa imrothlach faoina bhféadfar iasachtaí a sholáthar a bheidh an tsaoráid chúlstop.
3. Sonrófar téarmaí agus coinníollacha airgeadais mionsonraithe na saoráide cúlstop i gcomhaontú um shaoráid chúlstop le BRA, a bheidh le formheas ag an mBord

Rialtóirí de thoil a chéile agus le síniú ag an Stiúrthóir Bainistíochta.

4. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí na treoirlínte mionsonraithe maidir leis na modúlachtaí lena ndéanfar an tsaoráid chúlstop a chur chun feidhme, lena n-áirítear treoirlínte maidir le nósanna imeachta lena n-áiríteofar glacadh tapa cinntí de bhun mhír 5, agus athbhreithneoidh siad na treoirlínte sin go tráthrialta.
5. Ar bhonn iarrata ar iasacht ó BRA, ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile agus, ag an am céanna, urraim á tabhairt do cheanglais rúndachta reachtaíocht an Aontais Eorpigh, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Bainistíochta agus ar bhonn measúnú ar acmhainn aisíocaíochta BRA agus, i gcás inarb ábhartha, ar bhonn na measúnuithe ag an gCoimisiún Eorpach agus ag BCE de bhun mhír 6, déanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh de thoil a chéile, agus iad arna dtreorú ag na critéir dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV, maidir le hiasachtaí agus le heisíocaíochtaí a ghabhann leo faoin tsaoráid chúlstop. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh a dhéanamh de thoil a chéile na cúraimí dá bhforáiltear sa mhír seo a tharmligean don Stiúrthóir Bainistíochta ar feadh tréimhse shonraithe agus maidir le méid sonraithe, i gcomhréir leis na rialacha a shonrófar sna treoirlínte a ghlacfaidh an Bord Stiúrthóirí.
6. De mhaolú ar Airteagal 4(3), úsáidfear nós imeachta vótála éigeandála i gcás ina dtiocfaidh an Coimisiún Eorpach agus BCE ar an tátal, trí mheasúnuithe ar leithligh, go mbeadh bagairt ann d'inhuanaitheacht eacnamaíoch agus airgeadais an limistéir euro dá mainneodh an Bord Stiúrthóirí cinneadh cinneadh a ghlacadh go práinneach maidir le hiasachtaí agus le heisíocaíochtaí a ghabhfaidh leo faoin tsaoráid chúlstop de bhun na chéad abairte de mhír 5 den Airteagal seo. Is gá tromlach cáilithe 85% de na vótaí a caitheadh le go bhféadfar cinneadh den sórt sin a ghlacadh de thoil a chéile faoin nós imeachta éigeandála sin. Ní bheidh feidhm ag an mír seo más rud é go bhfuil, agus fad a bheidh, aon nósanna imeachta fós ar siúl a bhaineann le buaine an chreata dlí um réiteach bainc de bhun mhír 8 den Airteagal seo agus le forálacha gaolmhara arna nglacadh ag an mBord Rialtóirí.

I gcás ina n-úsáidtear an nós imeachta éigeandála dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déantar aistriú chuig cúlchiste éigeandála chun maolán tiomanta a chruthú chun na priacail a eascraíonn as na hiasachtaí gona n-eisíocaíochtaí a fholmheastar faoin nós imeachta éigeandála sin a chumhdach. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh a dhéanamh de thoil a chéile an cúlchiste éigeandála a chealú agus a bhfuil ann a aistriú ar ais chuig an gcúlchiste agus/nó chuig an gcaipiteal íoctha.

Tar éis an nós imeachta éigeandála sin a úsáid den dara huair, cuirfear cur i bhfeidhm na chéad fhomhíre ar fionraí go dtí go gcinneadh an Bord Rialtóirí an fhionraí sin a chealú. Agus cinneadh á dhéanamh aige an fhionraí sin a chealú, athbhreithneoidh an Bord Rialtóirí an tromlach vótála a theastaíonn is gá chun cinneadh a ghlacadh faoin nós imeachta réamhluaite agus socróidh sé na himthosca ina ndéanfar athbhreithniú eile tráth éigin is faide anonn, agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh an mhír seo a leasú dá réir sin, gan an tairseach vótála a íslíú. Tiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm a luaithe a bheidh fógra tugtha ag Comhaltaí SCE don Taiscí á rá go bhfuil a nósanna imeachta náisiúnta

is infheidhme tugtha i gcrích.

7. Bunóidh SCE córas cuí foláirimh chun a áirithiú go bhfaighfear aon aisíocaíochtaí atá dlite faoin tsaoráid chúlstop ar mhodh tráthúil.
8. Maidir leis an tsaoráid chúlstop agus lena húsáid faoin Airteagal seo, beidh siad teagmhasach ar chomhlíonadh an choinníll maidir le buaine an chreata dlí um réiteach bainc. I gcás nach gcomhlíontar an coinníoll maidir le buaine an chreata dlí um réiteach bainc, tionscnófar athbhreithniú cuimsitheach agus beidh gá le cinneadh de chuid an Bhoird Rialtóirí chun an tsaoráid chúlstop a choimeád ar siúl. Déanfaidh an Bord Rialtóirí, de bhun mhír 1, forálacha breise a chinneadh maidir leis an nós imeachta i dtaca le fíorú chomhlíonadh an choinníll maidir le buaine an chreata dlí um réiteach bainc agus maidir leis na hiarmhairtí a ghabhfaidh leis sin a mhéid a bhaineann leis an tsaoráid chúlstop agus lena húsáid.
9. Chun críche mhír 8 den Airteagal seo, cuimseoidh buaine an chreata dlí um réiteach bainc an méid seo a leanas:
2. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí caipiteal údaraithe neamhíoctha a ghlaoch trí chinneadh tromlaigh shimplí chun leibhéal an chaipitil íoctha a aisiriú má thagann laghdú, trí chaillteanas a iompar, ar mhéid an chaipitil íoctha faoi bhun an leibhéil a bhunaítear in Airteagal 8(2), ar leibhéal é a bhféadfaidh an Bord Rialtóirí é a leasú de réir an nóis imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10, agus tréimhse chuí a shocrú chun go n-íocfaidh Comhaltaí SCE é.

3. Déanfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta caipiteal údaraithe neamhíoctha a ghlaoch go tráthúil más gá sin chun go seachnóidh SCE mainneachtain ag SCE i leith aon oibleagáide íocaíochta sceidealta nó oibleagáide íocaíochta eile atá dlite do chreidiúnaithe SCE. Cuirfidh an Stiúrthóir Bainistíochta an Bord Stiúrthóirí agus an Bord Rialtóirí ar an eolas maidir le haon ghlaoch den sórt sin. Nuair a bhraitear go bhféadfadh gannchion a bheith ann i gcistí SCE, déanfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta an glaoch nó na glaonna sin ar chaipiteal a luaithe is féidir chun a áirithiú go mbeidh a dhóthain cistí ag SCE chun freastal d'íocaíochtaí atá dlite do chreidiúnaithe ina n-iomláine ar a ndáta dlite. Gabhann Comhaltaí SCE orthu féin leis seo, go neamh-inchúlghairthe agus gan choinníoll, aon ghlaoch ar chaipiteal a dhéanfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta orthu a íoc ar éileamh a fháil de bhun na míre seo, ar éileamh é atá le híoc laistigh de sheacht lá ón tráth a gheofar é.

4. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí na téarmaí agus na coinníollacha mionsonraithe a mbeidh feidhm leo maidir le glaonna ar chaipiteal de bhun an Airteagail seo.

AIRTEAGAL 10

Athruithe ar an stoc caipitiúil údaraithe

1. Déanfaidh an Bord Rialtóirí uasmhéid na hiasachtóireachta ó SCE agus leordhóthanacht stoc caipitiúil údaraithe SCE a athbhreithniú go rialta agus gach cúig bliana ar a laghad. Féadfaidh sé a chinneadh an stoc caipitiúil údaraithe a athrú agus Airteagal 8 agus Iarscríbhinn II a leasú dá réir. Tiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm a luaithe a bheidh fógra tugtha ag Comhaltaí SCE don Taiscí á rá go bhfuil a nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme tugtha i gcrích. Déanfar na scaireanna nua a leithroinnt ar Chomhaltaí SCE i gcomhréir leis an treoir ranníoca dá bhforáiltear in Airteagal 11 agus in Iarscríbhinn I.

2. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí na téarmaí agus na coinníollacha mionsonraithe a mbeidh feidhm leo maidir leis na hathruithe uile ar chaipiteal nó le haon athruithe ar chaipiteal a dhéanfar faoi mhír 1.

3. Tráth a thiocfaidh Ballstát den Aontas Eorpach chun bheith ina Chomhalta nua de SCE, déanfar stoc caipitiúil údaraithe SCE a mhéadú sa ghnáthchúrsa trí na méideanna faoi seach a bhí i réim an tráth sin a iolrú faoin gcóimheas, laistigh den treoir ranníoca choigeartaithe dá bhforáiltear in Airteagal 11, idir ualú an Chomhalta nua de SCE agus ualú na gComhaltaí láithreacha de SCE.

AIRTEAGAL 11

Treoir ranníoca

1. Faoi réir mhír 2 agus mhír 3, déanfar an treoir ranníoca le haghaidh shuibscríobh stoc caipitiúil údaraithe SCE a bhunú ar an treoir le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE ag bainc cheannais náisiúnta Chomhaltaí SCE de bhun Airteagal 29 de Phrótacal (Uimh. 4) maidir le Reach an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (“Reacht CEBC”) atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus CFAE.

2. Tá an treoir ranníoca le haghaidh shuibscríobh stoc caipitiúil údaraithe SCE sonraithe in Iarscríbhinn I.

3. Déanfar an treoir ranníoca le haghaidh shuibscríobh stoc caipitiúil údaraithe SCE a choigeartú:

- (a) nuair a thagann Ballstát den Aontas Eorpach chun bheith ina Chomhalta nua de SCE agus nuair a thagann méadú sa ghnáthchúrsa ar stoc caipitiúil údaraithe SCE, mar a shonraítear in Airteagal 10(3); nó
- (b) nuair a thagann deireadh leis an gceartú sealadach dhá bhliain déag is infheidhme maidir le Comhalta de SCE agus a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 42.

4. Féadfaidh an Bord Rialtóirí a chinneadh nuashonruithe ionchasacha ar an treoir le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE dá dtagraítear i mír 1 a chur i gcuntas nuair a dhéantar

an treoir ranníoca a choigeartú i gcomhréir le mír 3 nó nuair a thagann athrú ar an stoc caipitiúil údaraithe, mar a shonraítear in Airteagal 10(1).

5. Nuair a dhéantar an treoir ranníoca le haghaidh shuibscríobh stoic chaipitiúil údaraithe SCE a choigeartú, aistreoidh Comhaltaí SCE stoc caipitiúil údaraithe eatarthu féin a mhéid is gá chun a áirithiú go bhfreagraíonn dáileadh an stoic chaipitiúil údaraithe don treoir choigeartaithe.

6. Déanfar Iarscríbhinn I a leasú ar chinneadh ón mBord Rialtóirí maidir le haon choigeartú dá dtagraítear san Airteagal seo.

7. Déanfaidh an Bord Stiúrthóirí gach beart eile is gá chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL 4

OIBRÍOCHTAÍ

AIRTEAGAL 12

Prionsabail

1. Más rud é go bhfuil sé sin fíor-riachtanach chun cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine agus a Bhallstát a choimirciú, féadfaidh SCE tacaíocht chobhsaíochta a sholáthar do Chomhalta de SCE, faoi réir coinníollachta doichte, a bheidh cuí don ionstraim cúnaimh airgeadais a roghnófar. Féadfaidh coinníollacht den sórt sin a bheith sa réimse idir clár coigeartuithe maicreacnamaíocha agus urramú leanúnach coinníollacha incháilitheachta réamhbhunaithe.

2. Gan dochar d'Airteagal 19, féadfar tacaíocht chobhsaíochta SCE a dheonú trí na hionstraimí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go 18.

3. Déanfar, amhail ar an 1 Eanáir 2013, clásail chomhghníomhaíochta a áireamh in urrúis rialtais nua uile an limistéir euro, a ngabfaidh aibíocht níos faide ná bliain amháin leo, ar bhealach lena n-áirithítear gur toradh dlí comhionann a bheidh ag na clásail sin.

AIRTEAGAL 13

Nós imeachta chun tacaíocht chobhsaíochta a dheonú

1. Féadfaidh Comhalta de SCE iarraidh ar thacaíocht chobhsaíochta a dhíriú chuig Cathaoirleach an Bhoird Rialtóirí. Léireofar san iarraidh sin an ionstraim nó na hionstraimí cúnaimh airgeadais a bheidh le breithniú. Ar iarraidh den sórt sin a fháil, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Rialtóirí de chúram ar an gCoimisiún Eorpach, i gcuibhreann le BCE:

- (a) measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil priacal ann do chobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine nó a Bhallstát, mura bhfuil anailís curtha isteach cheana ag BCE faoi Airteagal 18(2);
- (b) measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an fiachas poiblí inbhuanaithe. I ngach cás

inar cuí agus inar féidir, beifear ag súil go ndéanfar measúnú den sórt sin in éineacht le CAI;

- (c) measúnú a dhéanamh ar riachtanais airgeadais iarbhir nó ionchasacha an Chomhalta de SCE lena mbaineann.

2. Ar bhonn iarraidh an Chomhalta de SCE agus an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Bord Rialtóirí a chinneadh tacaíocht chobhsaíochta a dheonú, i bprionsabal, don Chomhalta de SCE lena mbaineann, i bhfoirm saoráide cúnaimh airgeadais.

3. Má ghlactar cinneadh de bhun mhír 2, cuirfidh an Bord Rialtóirí de chúram ar an gCoimisiún Eorpach – i gcuibhreann le BCE agus, i ngach cás inar féidir, in éineacht le CAI – meabhrán tuisceana (“MT”) ina ndéanfar mionsonrú ar an gcoinníollacht a bheidh ag gabháil leis an tsaoráid cúnaimh airgeadais a chaibidil leis an gComhalta de SCE lena mbaineann. Beidh inneachar an MT ag freagairt do dhéine na laigí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu agus don ionstraim cúnaimh airgeadais atá roghnaithe. An tráth céanna, ullmhóidh Stiúrthóir Bainistíochta SCE togra le haghaidh comhaontú um shaoráid cúnaimh airgeadais, lena n-áireofar na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha, agus an rogha ionstraimí, a bheidh le glacadh ag an mBord Rialtóirí.

Beidh an MT i gcomhréir go hiomlán le bearta comhordaithe an bheartais eacnamaíoch dá bhforáiltear in CFAE, go háirithe le haon ghníomh de reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear aon tuairim, aon fholáireamh, aon mholadh nó aon chinneadh a dhíreofar chuig an gComhalta de SCE lena mbaineann.

4. Síneoidh an Coimisiún Eorpach an MT thar ceann SCE, faoi réir na coinníollacha a leagtar amach i mír 3 a chomhlíonadh roimh ré agus faoi réir a fhormheasa roimh ré ag an mBord Rialtóirí.

5. Déanfaidh an Bord Stiúrthóirí an comhaontú um shaoráid cúnaimh airgeadais, ina dtabharfar mionsonraí i dtaobh na ngnéithe airgeadais a bhaineann leis an tacaíocht chobhsaíochta atá le deonú agus, i gcás inarb infheidhme, eisíocaíocht an chéad tráinse den chúnamh, a fhormheas.

6. Bunóidh SCE córas foláirimh chuí chun a áirithiú go bhfaighidh sé go tráthúil aon aisíocaíochtaí atá dlite den Chomhalta de SCE faoin tacaíocht chobhsaíochta.

7. Cuirfear de chúram ar an gCoimisiún Eorpach – i gcuibhreann le BCE agus, i ngach cás inar féidir, in éineacht le CAI – faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na coinníollachta a bheidh ag gabháil leis an tsaoráid cúnaimh airgeadais.

AIRTEAGAL 14

Cúnamh airgeadais réamhchúraim SCE

1. Féadfaidh an Bord Rialtóirí a chinneadh cúnamh airgeadais réamhchúraim a dheonú i bhfoirm líne creidmheasa faoi choinníoll réamhchúraim nó i bhfoirm líne creidmheasa faoi choinníollacha breisithe i gcomhréir le hAirteagal 12(1).

2. Déanfar an choinníollacht a bheidh ag gabháil le cúnamh airgeadais réamhchúraim SCE a mhionsonrú san MT, i gcomhréir le hAirteagal 13(3).

3. Sonrófar na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha a bhaineann le cúnamh airgeadais réamhchúraim SCE i gcomhaontú um shaoráid cúnamh airgeadais réamhchúraim a bheidh le síniú ag an Stiúrthóir Bainistíochta.
4. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí na treoirínte mionsonraithe maidir leis na módúlachtaí chun cúnamh airgeadais réamhchúraim SCE a chur chun feidhme.
5. Déanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh, de thoil a chéile, ar thogra a fháil ón Stiúrthóir Bainistíochta agus tar éis tuarascáil a fháil ón gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 13(7), i dtaobh an amhlaidh ba cheart an líne chreidmheasa a choimeád.
6. Tar éis don Chomhalta de SCE cistí a tharraingt den chéad uair (trí iasacht nó trí cheannach ar an mbunmhargadh), déanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh, de thoil a chéile, ar thogra a fháil ón Stiúrthóir Bainistíochta agus bunaithe ar mheasúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach, i gcuibhreann le BCE, i dtaobh an amhlaidh a leanann an líne chreidmheasa de bheith leordhóthanach nó i dtaobh an amhlaidh atá gá le cineál eile cúnamh airgeadais.

AIRTEAGAL 15

Cúnamh airgeadais le haghaidh athchaipitliú institiúidí airgeadais de chuid Comhalta de SCE

1. Féadfaidh an Bord Rialtóirí a chinneadh cúnamh airgeadais a dheonú trí iasachtaí do Chomhalta de SCE go sonrach chun institiúidí airgeadais an Chomhalta sin de SCE a athchaipitliú.
2. Déanfar an choinníollacht a bheidh ag gabháil le cúnamh airgeadais le haghaidh athchaipitliú institiúidí airgeadais Comhalta de SCE a mhionsonrú san MT, i gcomhréir le hAirteagal 13(3).
3. Gan dochar d'Airteagal 107 agus Airteagal 108 CFAE, déanfar na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha a bhaineann le cúnamh airgeadais le haghaidh athchaipitliú institiúidí airgeadais Comhalta de SCE a shonrú i gcomhaontú um shaoráid cúnamh airgeadais a bheidh le síniú ag an Stiúrthóir Bainistíochta.
4. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí na treoirínte mionsonraithe maidir leis na módúlachtaí chun cúnamh airgeadais le haghaidh athchaipitliú institiúidí airgeadais Comhalta de SCE a chur chun feidhme.
5. I gcás inar infheidhme, déanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh, de thoil a chéile, ar thogra a fháil ón Stiúrthóir Bainistíochta agus tar éis tuarascáil a fháil ón gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 13(7), i dtaobh eisíocaíocht na dtráinsí den chúnamh airgeadais i ndiaidh an chéad tráinse.

AIRTEAGAL 16

Iasachtaí SCE

1. Féadfaidh an Bord Rialtóirí a chinneadh cúnamh airgeadais a dheonú i bhfoirm iasachta

do Chomhalta de SCE, i gcomhréir le hAirteagal 12.

2. Beidh an choinníollacht a bheidh ag gabháil le hiasachtaí SCE ar áireamh i gclár coigeartuithe maicreacnamaíocha a bheidh mionsonraithe san MT, i gcomhréir le hAirteagal 13(3).
3. Sonrófar na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha a bhaineann le gach iasacht SCE i gcomhaontú um shaoráid cúnamh airgeadais a bheidh le síniú ag an Stiúrthóir Bainistíochta.
4. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí na treoirlínte mionsonraithe maidir leis na módúlachtaí chun iasachtaí SCE a chur chun feidhme.
5. Déanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh, de thoil a chéile, ar thogra a fháil ón Stiúrthóir Bainistíochta agus tar éis tuarascáil a fháil ón gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 13(7), i dtaobh eisíocaíocht na dtráinsí den chúnamh airgeadais i ndiaidh an chéad tráinse.

AIRTEAGAL 17

Saoráid tacaíochta bunmhargaidh

1. Féadfaidh an Bord Rialtóirí a chinneadh socrú a dhéanamh bannaí de chuid Comhalta de SCE a cheannach ar an mbunmhargadh, i gcomhréir le hAirteagal 12 agus é mar chuspóir leis costas-éifeachtúlacht an chúnamh airgeadais a uasmhéadú.
2. Déanfar an choinníollacht a bheidh ag gabháil leis an tsaoráid tacaíochta bunmhargaidh a mhionsonrú san MT, i gcomhréir le hAirteagal 13(3).
3. Sonrófar na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha faoina ndéanfar na bannaí a cheannach sa chomhaontú um shaoráid cúnamh airgeadais a bheidh le síniú ag an Stiúrthóir Bainistíochta.
4. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí na treoirlínte mionsonraithe maidir leis na módúlachtaí chun an tsaoráid tacaíochta bunmhargaidh a chur chun feidhme.
5. Déanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh, de thoil a chéile, ar thogra a fháil ón Stiúrthóir Bainistíochta agus tar éis tuarascáil a fháil ón gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 13(7), i dtaobh eisíocaíocht an chúnamh airgeadais le Ballstát is tairbhí trí oibríochtaí ar an mbunmhargadh.

AIRTEAGAL 18

Saoráid tacaíochta margaidh thánaistigh

1. Féadfaidh an Bord Rialtóirí a chinneadh socrú a dhéanamh le haghaidh oibríochtaí ar an margadh tánaisteach maidir le bannaí Comhalta de SCE i gcomhréir le hAirteagal 12(1).
2. Maidir le cinntí faoi idirghabhálacha ar an margadh tánaisteach chun aghaidh a thabhairt ar aicidiú, déanfar iad ar bhonn anailíse ó BCE lena n-aithnítear gurb ann do dhálaí eisceachtúla sa mhargadh airgeadais agus do phriacail do chobhsaíocht airgeadais.
3. Déanfar an choinníollacht a bheidh ag gabháil leis an tsaoráid tacaíochta margaidh thánaistigh a mhionsonrú san MT, i gcomhréir le hAirteagal 13(3).

4. Sonrófar na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha faoina bhfuil na hoibríochtaí ar an margadh tánaisteach le déanamh i gcomhaontú um shaoráid cúnaimh airgeadais a bheidh le síniú ag an Stiúrthóir Bainistíochta.
5. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí na treoirlínte mionsonraithe maidir leis na módúlachtaí chun an tsaoráid tacaíochta margaidh thánaistigh a chur chun feidhme.
6. Déanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh, de thoil a chéile, ar thogra a fháil ón Stiúrthóir Bainistíochta, maidir le hoibríochtaí a thionscnamh ar an margadh tánaisteach.

AIRTEAGAL 19

Athbhreithniú ar liosta na n-ionstraimí cúnaimh airgeadais

Féadfaidh an Bord Rialtóirí athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na n-ionstraimí cúnaimh airgeadais dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 18 agus cinneadh a dhéanamh athruithe a dhéanamh ar an liosta sin.

AIRTEAGAL 20

Beartas praghsála

1. Le linn dó tacaíocht chobhsaíochta a dheonú, beidh sé mar chuspóir ag SCE a chostais maoinithe agus oibriúcháin a chumhdach go hiomlán agus cuirfidh sé corrlach cuí san áireamh.
2. I gcás gach ionstraime cúnaimh airgeadais, déanfar an phraghsáil a mhionsonrú i dtreoirlíne praghsála, ar treoirlíne í a ghlacfaidh an Bord Rialtóirí.
3. Féadfaidh an Bord Rialtóirí an beartas praghsála a athbhreithniú.

AIRTEAGAL 21

Oibríochtaí iasachtaíochta

1. Cumhachtófar do SCE iasachtaí a fháil ar na margaí caipitil ó bhainc, ó institiúidí airgeadais nó ó dhaoine nó ó institiúidí eile ar mhaithe lena chuspóir a chomhlíonadh.
2. Cinnfidh an Stiúrthóir Bainistíochta na módúlachtaí maidir leis na hoibríochtaí iasachtaíochta i gcomhréir le treoirlínte mionsonraithe atá le glacadh ag an mBord Stiúrthóirí.
3. Bainfidh SCE leas as uirlisí cuí bainistíochta priacail agus déanfaidh an Bord Stiúrthóirí athbhreithniú ar na huirlisí sin go rialta.

CAIBIDIL 5

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS*AIRTEAGAL 22***Beartas infheistíochta**

1. Cuirfidh an Stiúrthóir Bainistíochta beartas stuama infheistíochta chun feidhme le haghaidh SCE chun an chreidmheasacht is airde a áirithiú do SCE, i gcomhréir le treoirlínte atá le glacadh, agus le hathbheithniú go rialta, ag an mBord Stiúrthóirí. Beidh SCE i dteideal sciar den toradh ar a phunann infheistíochta a úsáid chun a chostais oibríúcháin agus riaracháin a chumhdach.
2. Comhlíonfaidh oibríochtaí SCE prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais agus priacail.

*AIRTEAGAL 23***Beartas díbhinne**

1. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí a chinneadh, trí thromlach simplí, díbhinn a dháileadh ar Chomhaltaí SCE i gcás inar mó méid an chaipitil íochta agus an chúlchiste ná an leibhéal is gá chun go ndéanfaidh SCE acmhainn iasachtóireachta a choimeád agus i gcás nach bhfuil gá leis na fáltais ón infheistíocht chun gannchion íocaíochta le creidiúnaithe a sheachaint. Déantar díbhinní a dháileadh *pro rata* de réir na ranníocaí leis an gcaipiteal íochta, agus cuirfear an luathíocaíocht is féidir a dhéanamh, dá dtagraítear in Airteagal 41(3), san áireamh.
2. Fad nach bhfuil cúnaimh airgeadais tugtha ag SCE d'aon chomhalta dá chuid, tabharfar na fáltais ó infheistiú chaipiteal íochta SCE ar ais do Chomhaltaí SCE de réir a ranníocaí faoi seach leis an gcaipiteal íochta, tar éis asbhaintí i leith costas oibríúcháin, ar choinníoll go bhfuil an acmhainn iarbhir iasachtóireachta sprice ar fáil go hiomlán.
3. Cuirfidh an Stiúrthóir Bainistíochta an beartas díbhinne le haghaidh SCE chun feidhme i gcomhréir le treoirlínte a ghlacfaidh an Bord Stiúrthóirí.

*AIRTEAGAL 24***Cúlchiste agus cistí eile**

1. Bunóidh an Bord Rialtóirí cúlchiste agus, i gcás gur cuí, cistí eile.
2. Gan dochar d'Airteagal 23, cuirfear i leataobh i gcúlchiste an glanioncam a chruthaigh oibríochtaí SCE agus na fáltais ó na smachtbhannaí airgeadais a fuarthas ó Chomhaltaí SCE faoin nós imeachta faireachais iltaobhaigh, faoin nós imeachta um easnamh iomarcach agus faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta a bunaíodh faoi CFAE.
3. Déanfar acmhainní an chúlchiste a infheistiú i gcomhréir le treoirlínte a ghlacfaidh an Bord Stiúrthóirí.

4. Glacfaidh an Bord Stiúirthóirí cibé rialacha is gá chun cistí eile a bhunú, a riaradh agus a úsáid.

AIRTEAGAL 25

Cailteanais a chumhdach

1. Maidir le cailteanais a eascraíonn le linn oibríochtaí SCE, déanfar iad a mhuirearú:
 - (a) ar an gcéad dul síos, ar an gcúlchiste;
 - (b) ar an dara dul síos, ar an gcaipiteal íoctha; agus
 - (c) ar deireadh, ar mhéid cuí den chaipiteal údaraithe neamhíoctha, a ghlaofar i gcomhréir le hAirteagal 9(3).
2. Má mhainníonn Comhalta de SCE an íocaíocht faoi ghlaoch ar chaipiteal de bhun Airteagal 9(2) nó (3) a dhéanamh, cuirfear glaoch athmheasta méadaithe ar chaipiteal chuig Comhaltaí uile SCE chun a áirithiú go bhfaighidh SCE méid iomlán an chaipitil íoctha is gá. Déanfaidh an Bord Rialtóirí cinneadh ar ghníomhaíocht chúí chun a áirithiú go nglanfaidh an Comhalta de SCE lena mbaineann a fhiacha le SCE laistigh de thréimhse réasúnta ama. Beidh an Bord Rialtóirí i dteideal a cheangal go n-íocfar ús mainneachtana ar an méid atá thar téarma.
3. A luaithe a bheidh a fhiacha le SCE dá dtagraítear i mír 2 glanta ag Comhalta de SCE, aisíocfar an farasbarr caipitil le Comhaltaí eile SCE i gcomhréir le rialacha a ghlacfaidh an Bord Rialtóirí.

AIRTEAGAL 26

Buiséad

Déanfaidh an Bord Stiúirthóirí buiséad SCE a fhorghnó gach bliain.

AIRTEAGAL 27

Cuntais bhliantúla

1. Is é an Bord Rialtóirí a dhéanfaidh cuntais bhliantúla SCE a fhorghnó.
2. Foilseoidh SCE tuarascáil bhliantúil ina mbeidh ráiteas iniúchta ar a chuntais agus cuirfidh sé timpeall chuig Comhaltaí SCE ráiteas achomair ráithiúil ar a staid airgeadais agus ráiteas sochair agus dochair ina dtaispeánfar na torthaí a bhí ar a chuid oibríochtaí.

AIRTEAGAL 28

Iniúcháireacht inmheánach

Bunófar feidhm iniúcháireachta inmheánaí i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

*AIRTEAGAL 29***Iniúchóireacht sheachtrach**

Déanfaidh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna bhformheas ag an mBord Rialtóirí agus a bheidh freagrach as na ráitis airgeadais bhliantúla a dheimhniú, cuntais SCE a iniúchadh. Beidh lánchumhacht ag na hiniúchóirí seachtracha leabhair agus cuntais uile SCE a scrúdú agus faisnéis iomlán a fháil maidir lena hidirbhearta.

*AIRTEAGAL 30***Bord Iniúchóirí**

1. Beidh cúig chomhalta arna gceapadh ag an mBord Rialtóirí, mar gheall ar a n-inniúlacht i gcúrsaí iniúchóireachta agus airgeadais, ar an mBord Iniúchóirí agus beidh dhá chomhalta ó institiúidí uachtaracha iniúchóireachta Chomhaltaí SCE – agus uainíocht eatarthu – agus comhalta amháin ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ina measc.
2. Beidh comhaltaí an Bhoird Iniúchóirí neamhspleách. Ní dhéanfaidh siad teagaisc a iarraidh ar chomhlachtaí rialaithe SCE, ar Chomhaltaí SCE ná ar aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile, ná a ghlacadh uathu.
3. Déanfaidh an Bord Iniúchóirí iniúchtaí neamhspleácha a tharraingt suas. Déanfaidh sé cigireacht ar chuntais SCE agus fíoróidh sé go bhfuil na cuntais oibriúcháin agus an clár comhardaithe in ord. Beidh rochtain iomlán aige ar aon doiciméad de chuid SCE is gá chun a chúraimí a chur i gcrích.
4. Féadfaidh an Bord Iniúchóirí, tráth ar bith, an Bord Stiúrthóirí a chur ar an eolas faoina fhionnachtana. Déanfaidh sé tuarascáil a tharraingt suas, ar bhonn bliantúil, ar tuarascáil í a chuirfear faoi bhráid an Bhoird Rialtóirí.
5. Cuirfidh an Bord Rialtóirí an tuarascáil bhliantúil ar fáil do na parlaimintí náisiúnta agus d’institiúidí uachtaracha iniúchóireachta Chomhaltaí SCE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.
6. Déanfar aon ní a bhaineann leis an Airteagal seo a mhionsonrú i bhfodhlíthe SCE.

CAIBIDIL 6

FORÁLACHA GINEARÁLTA*AIRTEAGAL 31***Suíomh**

1. Is i Lucsamburg a bheidh suíomh agus príomhoifig SCE.
2. Féadfaidh SCE oifig idirchaidrimh a bhunú sa Bhruiséil.

*AIRTEAGAL 32***Stádas dlíthiúil, pribhléidí agus díolúintí**

1. Chun a chumasú do SCE a chuspóir a chomhall, déanfar an stádas dlíthiúil agus na pribhléidí agus díolúintí a leagtar amach san Airteagal seo a thabhairt do SCE i gcríoch gach Comhalta de SCE. Déanfaidh SCE gach iarracht aitheantas a fháil dá stádas dlíthiúil agus dá phribhléidí agus díolúintí i gcríocha eile ina gcomhlíonann sé feidhmeanna nó ina bhfuil sócmhainní aige.
2. Beidh lánphearsantacht dhlítheanach ag SCE. Beidh láninniúlacht dhlítheanach aige chun:
 - (a) maoin dhochorraithe agus maoin shochorraithe a fháil agus a dhiúscairt;
 - (b) conradh a dhéanamh;
 - (c) a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla; agus
 - (d) dul i gcomhaontú ceanncheathrún agus/nó i bprótacail de réir mar is gá lena áirithiú go dtugtar aitheantas dá stádas dlíthiúil agus dá phribhléidí agus díolúintí, agus go bhforfheidhmítear na nithe sin.
3. Beidh ag SCE, a mhaoín, a chistiú agus a shócmhainní, cibé áit a mbeidh siad suite agus cibé duine ag a mbeidh siad, díolúine ó gach sórt próisis bhreithiúnaigh ach amháin a mhéid a bheidh SCE tar éis a dhíolúine a tharscaoileadh go sainráite chun críocha aon imeachtaí nó faoi théarmaí aon chonartha, lena n-áirítear doiciméid na n-ionstraimí maoinithe.
4. Beidh díolúine ó chuardach, ó fhoréileamh, ó choigistiú, ó dhíshealbhú nó aon sórt eile urghabhála, gabhála nó foraimh trí ghníomhú feidhmiúcháin, gníomhú breithiúnach, gníomhú riaracháin nó gníomhú reachtach ag maoin, cistiú agus sócmhainní SCE, cibé áit a mbeidh siad suite agus cibé duine ag a mbeidh siad.
5. Beidh cartlanna SCE agus na doiciméid uile ar le SCE iad nó atá ina sheilbh aige dosháraithe.
6. Beidh áitreabh SCE dosháraithe.
7. Gheobhaidh cumarsáidí oifigiúla SCE an chóir chéanna ó gach Comhalta de SCE agus ó gach stát a bhfuil aitheantas tugtha aige do stádas dlíthiúil agus do phribhléidí agus díolúintí SCE agus a fhaigheann cumarsáidí oifigiúla Comhalta de SCE.
8. A mhéid is gá sin chun na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa Chonradh seo a dhéanamh, beidh maoin, cistiú agus sócmhainní uile SCE saor ó shrianta, ó rialacháin, ó rialuithe agus ó mhortchairde de chineál ar bith.
9. Beidh SCE díolmhaithe ó aon cheanglas údarú nó ceadúnas a fháil mar institiúid chreidmheasa, mar sholáthróir seirbhísí infheistíochta nó mar eintiteas údaraithe, ceadúnaithe nó rialaithe eile faoi dhlíthe gach ceann de Chomhaltaí SCE.

*AIRTEAGAL 33***Foireann SCE**

Leagfaidh an Bord Stiúrthóirí síos na coinníollacha fostaíochta do Stiúrthóir Bainistíochta agus d'fhoireann eile SCE.

*AIRTEAGAL 34***Rúndacht ghairmiúil**

Ní dhéanfaidh Comhaltaí ná iarChomhaltaí an Bhoird Rialtóirí ná an Bhoird Stiúrthóirí ná aon daoine eile a oibríonn nó a d'oibrigh do SCE nó i dtaca le SCE faisnéis atá faoi réir rúndachta gairmiúla a nochtadh. Beidh de cheangal orthu, fiú amháin tar éis deireadh a theacht lena ndualgais, gan faisnéis a nochtadh is de chineál atá faoi chumhdach oibleagáid na rúndachta gairmiúla.

*AIRTEAGAL 35***Díolúintí daoine**

1. Ar mhaithe le leas SCE, beidh Cathaoirleach an Bhoird Rialtóirí, na Rialtóirí, na Rialtóirí malartacha, na Stiúrthóirí, na Stiúrthóirí malartacha, mar aon leis an Stiúrthóir Bainistíochta agus na daoine eile den fhoireann díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla i leith gníomhartha a dhéanfaidh siad ina gcáil oifigiúil agus beidh dosháraitheacht acu maidir lena bpáipéir agus lena ndoiciméid oifigiúla.
2. Féadfaidh an Bord Rialtóirí aon cheann de na díolúintí a thugtar faoin Airteagal seo i leith Chathaoirleach an Bhoird Rialtóirí, Rialtóra, Rialtóra mhalartaigh, Stiúrthóra, Stiúrthóra mhalartaigh nó an Stiúrthóra Bainistíochta a tharscaoileadh a mhéid, agus ar cibé coinníollacha, a chinnfidh sé.
3. Féadfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta aon díolúine den sórt sin a tharscaoileadh i leith aon duine d'fhoireann SCE, seachas é féin nó í féin.
4. Déanfaidh gach Comhalta de SCE an ghníomhaíocht is gá go pras chun éifeacht a thabhairt don Airteagal seo faoi théarmaí a dhlí féin agus cuirfidh sé SCE ar an eolas maidir leis an méid sin dá réir sin.

*AIRTEAGAL 36***Díolúine ó chánachas**

1. Faoi chuimsiú raon feidhme a ghníomhaíochtaí oifigiúla, beidh SCE, a shócmhainní, a ioncam, a mhaoín agus a oibríochtaí agus a idirbhearta arna n-údarú leis an gConradh seo díolmhaithe ó gach cáin dhíreach.
2. Déanfaidh Comhaltaí SCE, i ngach cás inar féidir sin, na bearta is cuí chun méid na gcánacha neamhdhíreacha nó na gcánacha díolacháin a bheidh ar áireamh i bpraghas maoine

sochorraithe nó dochorraithe a mhaitheamh nó a aisíoc nuair a dhéanann SCE, le haghaidh a úsáide oifigiúla, ceannacháin shubstaintiúla a bhfuil cánacha den sórt sin ar áireamh ina bpraghas.

3. Ní dheonófar díolúine ar bith i leith cánacha agus dleachtanna nach bhfuil iontu ach táillí le haghaidh seirbhísí fóntais phoiblí.

4. Beidh earraí a allmhaireoidh SCE agus is gá chun a ghníomhaíochtaí oifigiúla a fheidhmiú díolmhaithe ó na dleachtanna agus na cánacha uile ar allmhairí agus ó na toirmisc agus na srianta uile ar allmhairí.

5. Beidh foireann SCE inchurtha faoi cháin inmheánach, chun tairbhe do SCE, ar thuarastail agus ar dhíolaíochtaí a íocfaidh SCE, faoi réir rialacha a ghlacfaidh an Bord Rialtóirí. Ón dáta a chuirfear an cháin sin i bhfeidhm, beidh tuarastail agus díolaíochtaí den sórt sin díolmhaithe ó cháin ioncaim náisiúnta.

6. Ní thobheofar cánachas d'aon saghas ar aon oibleagáid ná urrús a eiseoidh SCE, lena n-áirítear aon ús nó díbhinn orthu, cibé duine a shealbhóidh iad:

- (a) lena ndéantar idirdhealú i gcoinne na hoibleagáide nó an urrúis sin go heisiatach mar gheall ar a bhunadh; nó
- (b) ar cánachas é arb é an t-aon bhonn dlínsiúil atá leis an áit nó an t-airgeadra ina n-eiseofar é nó ina mbeidh sé iníoctha nó ina n-íocfar é, nó suíomh aon oifige nó áite gnó atá á cothabháil ag SCE.

AIRTEAGAL 37

Léiriú agus réiteach díospóide

1. Aon cheist a eascróidh idir aon Chomhalta de SCE agus SCE, nó idir Comhaltaí de SCE, maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm fhorálacha an Chonartha seo agus fhodhlíthe SCE, cuirfear faoi bhráid an Bhoird Stiúrtóirí í le cinneadh a dhéanamh uirthi.

2. Déanfaidh an Bord Rialtóirí cinneadh faoi aon díospóid a eascróidh idir Comhalta de SCE agus SCE, nó idir Comhaltaí de SCE, i dtaobh léiriú agus chur i bhfeidhm an Chonartha seo, lena n-áirítear aon díospóid faoi chomhoiriúnacht na gcinntí a ghlac SCE leis an gConradh seo. Déanfar vótaí chomhalta nó chomhaltaí Bhord Rialtóirí an Chomhalta nó na gComhaltaí de SCE lena mbaineann a fhionraí nuair a bheidh vótáil ar siúl ag an mBord Rialtóirí ar an gcinneadh sin agus déanfar an tairseach vótála is gá chun an cinneadh a ghlacadh a athríomh dá réir.

3. Má dhéanann Comhalta de SCE an cinneadh dá dtagraítear i mír 2 a chonspóid, cuirfear an díospóid faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Beidh breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina cheangal ar na páirtithe sa nós imeachta, agus déanfaidh na páirtithe sin na bearta is gá chun an breithiúnas a chomhlíonadh laistigh de thréimhse a chinnfidh an Chúirt sin.

AIRTEAGAL 38

Comhar idirnáisiúnta

D'fhonn a chuspóirí a chur ar aghaidh, beidh SCE i dteideal comhoibriú, faoi chuimsiú théarmaí an Chonartha seo, le CAI, le haon Stát atá ag soláthar cúnaimh airgeadais ar bhonn *ad hoc* do Chomhalta de SCE agus le haon eagraíocht nó le haon eintiteas idirnáisiúnta ar a bhfuil sainfhreagrachtaí i réimsí gaolmhara.

CAIBIDIL 7

SOCRUITHE IDIRTHRÉIMHSEACHA

AIRTEAGAL 39

Comhréireacht le hiasachtóireacht SaorCAE

Le linn na céime idirthréimhsí a mhairfidh ó theacht i bhfeidhm an Chonartha seo go dtí díscáoileadh iomlán SaorCAE, ní rachaidh an iasachtóireacht chomhdhlúite ó SCE agus ó SaorCAE thar EUR 500 000 milliún, gan dochar don athbhreithniú tráthrialta ar leordhóthanacht uasmhéid na hiasachtóireachta i gcomhréir le hAirteagal 10. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí treoirlínte mionsonraithe maidir leis an modh ar a ríomhfar an acmhainn tiomantais don todhchaí chun a áirithiú nach dtéitear thar an uasteorainn iasachtóireachta comhdhlúite.

AIRTEAGAL 40

Tacaíochtaí SaorCAE a aistriú

1. De mhaolú ar Airteagal 13, féadfaidh an Bord Rialtóirí cinneadh a dhéanamh go ndéanfaidh SCE tiomantais SaorCAE maidir le cúnaimh airgeadais a sholáthar do Chomhalta de SCE faoina chomhaontú leis an gcomhalta sin a ghlacadh air féin a mhéid a bhaineann na tiomantais sin leis na codanna neamheisíochta agus neamhchistithe de na saoráidí iasachta.
2. Féadfaidh SCE, má údaraíonn a Bhord Rialtóirí an méid sin, cearta SaorCAE a fháil agus oibleagáidí SaorCAE a ghlacadh air féin, go háirithe maidir lena cearta agus lena hoibleagáidí uile, nó le cuid díobh, atá ar marthain faoina saoráidí iasachta láithreacha agus i ndáil leo.
3. Glacfaidh an Bord Rialtóirí na módúlachtaí mionsonraithe is gá chun éifeacht a thabhairt d'aistriú na n-oibleagáidí ó SaorCAE go dtí SCE dá dtagraítear i mír 1, agus d'aon aistriú ceart agus aistriú oibleagáidí mar a thairiscítear i mír 2.

AIRTEAGAL 41

An caipiteal tosaigh a íoc

1. Gan dochar do mhír 2, déanfar scaireanna íochta an méid a shuibscríobh gach Comhalta de SCE i dtosach a íoc i bhfoirm cúig thráthchuid bhliantúla de 20% den mhéid iomlán an

ceann. Íocfaidh gach Comhalta de SCE an chéad thráthchuid laistigh de chúig lá dhéag tar éis an dáta a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm. Beidh na ceithre thráthchuid eile iníoctha cothrom bliana, dhá bhliain, trí bliana agus ceithre bliana faoi seach ón dáta a íocfar an chéad thráthchuid.

2. Le linn na tréimhse cúig bliana ina n-íocfar caipiteal i dtráthchodanna, déanfaidh Comhaltaí SCE íocaíocht na scaireanna íoctha a luathú, go tráthúil roimh an dáta eisiúna d'fhonn cóimheas íosta 15% idir caipiteal íoctha agus méid neamhíoctha eisiúintí SCE a choimeád agus acmhainn chomhcheangailte íosta iasachtóireachta EUR 500 000 milliún ó SCE agus SaorCAE a ráthú.

3. Féadfaidh Comhalta de SCE a chinneadh a scair de chaipiteal íoctha a íoc níos luaithe.

AIRTEAGAL 42

Ceartú sealadach ar an treoir ranníoca

1. Tráth a bhunaithe, déanfaidh Comhaltaí SCE an stoc caipitiúil údaraithe a shuibscríobh ar bhonn na treorach ranníoca tosaigh a shonraítear in Iarscríbhinn I. Beidh an ceartú sealadach atá ar áireamh sa treoir ranníoca tosaigh sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse dhá bhliain déag tar éis an dáta a ghlacfaidh an Comhalta de SCE i dtrácht an euro.

2. I gcás gur lú olltáirgeacht intíre (OTI) Comhalta nua de SCE in aghaidh an duine ar mhargadhphraghsanna in euro sa bhliain díreach roimh a aontachas do SCE ná 75% de mheán-olltáirgeacht intíre an Aontais Eorpaigh in aghaidh an duine ar mhargadhphraghsanna, bainfidh a threoir ranníoca le haghaidh shuibscríobh stoc caipitiúil údaraithe SCE, arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 10, tairbhe as ceartú sealadach agus is ionann é agus suim:

- (a) 25% de scair chéatadánach bhanc ceannais náisiúnta an Chomhalta sin de SCE i gcaipiteal BCE, arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Reacht CEBC; agus
- (b) 75% de scair chéatadánach an Chomhalta sin de SCE in ollioncam náisiúnta (OIN) an limistéir euro ar mhargadhphraghsanna in euro sa bhliain díreach roimh a aontachas do SCE.

Cothromófar na céatadáin dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) suas nó síos go dtí an t-íolraí is gaire de 0,0001 faoin gcéad. Is iad na téarmaí staidrimh a fhoilseoidh Eurostat na téarmaí a bheidh i bhfeidhm.

3. Beidh feidhm ag an gceartú sealadach dá dtagraítear i mír 2 ar feadh tréimhse dhá bhliain déag ón dáta a ghlacfaidh an Comhalta de SCE i dtrácht an euro.

4. De thoradh an cheartaithe shealadaigh ar an treoir, déanfar an sciar iomchuí de scaireanna a leithroinneadh ar Chomhalta de SCE de bhun mhír 2 a leithroinnt arís i measc na gComhaltaí sin de SCE nach bhfuil ag baint tairbhe as ceartú sealadach ar bhonn a scairshealbhaíochta in BCE, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Reacht CEBC, a bhí ann díreach sular eisíodh scaireanna don Chomhalta aontach de SCE.

*AIRTEAGAL 43***Na chéad cheapacháin**

1. Ainmneoidh gach Comhalta de SCE a Rialtóir agus a Rialtóir malartach laistigh de dhá sheachtain ó theacht i bhfeidhm an Chonartha seo.
2. Ceapfaidh an Bord Rialtóirí an Stiúrthóir Bainistíochta agus ceapfaidh gach Rialtóir faoi seach Stiúrthóir agus Stiúrthóir malartach laistigh de dhá mhí ó theacht i bhfeidhm an Chonartha seo.

CAIBIDIL 8

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*AIRTEAGAL 44***Aontachas**

Beidh an Conradh seo ar oscailt le haghaidh aontachais Ballstát eile den Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 2 ar iarratas ar chomhaltas a chomhdóidh aon Bhallstát den sórt sin den Aontas Eorpach le SCE tar éis do Chomhairle an Aontais Eorpaigh an cinneadh a ghlacadh lena n-aisghairtear an maolú atá ag an mBallstát sin gan an euro a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 140(2) CFAE. Déanfaidh an Bord Rialtóirí iarratas ar aontachas an Chomhalta nua de SCE agus na téarmaí teicniúla mionsonraithe a bhaineann leis a fhorghnó, chomh maith leis na hoiriúnuithe a bheidh le déanamh ar an gConradh seo de thoradh díreach an aontachais. Tar éis don Bhord Rialtóirí an t-iarratas ar chomhaltas a fhorghnó, déanfaidh comhaltaí nua de SCE an t-aontachas tráth a thaiscfear na hionstraimí aontachais leis an Taiscí, agus cuirfidh an Taiscí fógra faoin méid sin chuig na Comhaltaí eile de SCE.

*AIRTEAGAL 45***Na hIarscríbhinní**

Is cuid dhílis den Chonradh seo na hIarscríbhinní seo a leanas a ghabhann leis:

- (1) Iarscríbhinn I: Treoir ranníoca SCE; agus
- (2) Iarscríbhinn II: Suibscríobhanna leis an stoc caipitiúil údaraithe.

*AIRTEAGAL 46***Taisceadh**

Déanfar an Conradh seo a thaisceadh le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh (“an Taiscí”), agus cuirfidh an Taiscí cóipeanna deimhnithe chuig gach Sínteoir.

*AIRTEAGAL 47***Daingniú, formheas nó glacadh**

1. Beidh an Conradh seo faoi réir a dhaingnithe, a fhorghlactha nó a ghlactha ag na Sínteoirí. Déanfar ionstraimí daingniúcháin, formheasa nó glactha a thaisceadh leis an Taiscí.
2. Cuirfidh an Taiscí fógra chuig na Sínteoirí eile maidir le gach taisceadh agus an dáta a dhéantar é.

*AIRTEAGAL 48***Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm an dáta a dhéanfaidh na Sínteoirí, a bhfuil a suibscríbhinní tosaigh in ionannas le 90% ar a laghad d'iomlán na suibscríobhanna atá leagtha amach in Iarscríbhinn II, ionstraimí daingniúcháin, formheasa nó glactha a thaisceadh. I gcás gur cuí, déanfar an liosta de Chomhaltaí SCE a choigeartú; déanfar an treoir in Iarscríbhinn I a athríomh ansin agus déanfar iomlán an stoic chaipitiúil údaraithe in Airteagal 8(1) agus in Iarscríbhinn II agus luach ainmniúil comhiomlán tosaigh iomlán na scaireanna íoctha in Airteagal 8(2) a laghdú dá réir.
2. Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, i gcás gach Sínteora a thaiscfídh a ionstraim daingniúcháin, formheasa nó glactha dá éis sin, an lá tar éis dháta an taiscthe.
3. I gcás gach Stáit a aontaíonn don Chonradh seo i gcomhréir le hAirteagal 44, tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis don Stát a ionstraim aontachais a thaisceadh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an dara lá d'Fheabhra sa bhliain dhá mhíle a dó dhéag i scríbhinn bhunaidh amháin sa Béarla, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa tSlóvaicis, sa tSlóivéinis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis, agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin, agus taiscfear é i gcartlann an Taiscí agus cuirfidh an Taiscí cóip chuidheimhnithe chuig gach ceann de na Páirtithe Conarthacha.

Tráth aontachas Phoblacht na Laitvia, beidh comhúdarás ag an téacs Laitvise a thaiscfear i gcartlann an Taiscí agus cuirfidh an Taiscí cóip chuidheimhnithe chuig gach ceann de na Páirtithe Conarthacha.

Tráth aontachas Phoblacht na Liotuáine, beidh comhúdarás ag an téacs Liotuáinise a thaiscfear i gcartlann an Taiscí agus cuirfidh an Taiscí cóip chuidheimhnithe chuig gach ceann de na Páirtithe Conarthacha.

IARSCRÍBHINN I

Effective as of 1 January 2021, upon the end of the temporary correction applicable to Slovakia.

Contribution Key of the ESM

<i>ESM Member</i>	<i>ESM key (%)</i>
<i>Kingdom of Belgium</i>	<i>3.4454</i>
<i>Federal Republic of Germany</i>	<i>26.8992</i>
<i>Republic of Estonia</i>	<i>0.1847</i>
<i>Ireland</i>	<i>1.5777</i>
<i>Hellenic Republic</i>	<i>2.7910</i>
<i>Kingdom of Spain</i>	<i>11.7953</i>
<i>French Republic</i>	<i>20.2003</i>
<i>Italian Republic</i>	<i>17.7506</i>
<i>Republic of Cyprus</i>	<i>0.1945</i>
<i>Republic of Latvia</i>	<i>0.2746</i>
<i>Republic of Lithuania</i>	<i>0.4063</i>
<i>Grand Duchy of Luxembourg</i>	<i>0.2482</i>
<i>Malta</i>	<i>0.0898</i>
<i>Kingdom of the Netherlands</i>	<i>5.6650</i>
<i>Republic of Austria</i>	<i>2.7581</i>
<i>Portuguese Republic</i>	<i>2.4863</i>
<i>Republic of Slovenia</i>	<i>0.4670</i>
<i>Slovak Republic</i>	<i>0.9849</i>
<i>Republic of Finland</i>	<i>1.7811</i>
<i>Total</i>	<i>100.0</i>

The above figures are rounded to four decimals.

IARSCRÍBHINN II

Effective as of 1 January 2021, upon the end of the temporary correction applicable to Slovakia.

Subscriptions to the authorised capital stock

<i>ESM Member</i>	<i>Number of shares</i>	<i>Capital subscription (EUR)</i>
<i>Kingdom of Belgium</i>	<i>242 832</i>	<i>24 283 200 000</i>
<i>Federal Republic of Germany</i>	<i>1 895 854</i>	<i>189 585 400 000</i>
<i>Republic of Estonia</i>	<i>13 020</i>	<i>1 302 000 000</i>
<i>Ireland</i>	<i>111 195</i>	<i>11 119 500 000</i>
<i>Hellenic Republic</i>	<i>196 710</i>	<i>19 671 000 000</i>
<i>Kingdom of Spain</i>	<i>831 332</i>	<i>83 133 200 000</i>
<i>French Republic</i>	<i>1 423 716</i>	<i>142 371 600 000</i>
<i>Italian Republic</i>	<i>1 251 062</i>	<i>125 106 200 000</i>
<i>Republic of Cyprus</i>	<i>13 705</i>	<i>1 370 500 000</i>
<i>Republic of Latvia</i>	<i>19 353</i>	<i>1 935 300 000</i>
<i>Republic of Lithuania</i>	<i>28 634</i>	<i>2 863 400 000</i>
<i>Grand Duchy of Luxembourg</i>	<i>17 490</i>	<i>1 749 000 000</i>
<i>Malta</i>	<i>6 327</i>	<i>632 700 000</i>
<i>Kingdom of the Netherlands</i>	<i>399 267</i>	<i>39 926 700 000</i>
<i>Republic of Austria</i>	<i>194 388</i>	<i>19 438 800 000</i>
<i>Portuguese Republic</i>	<i>175 236</i>	<i>17 523 600 000</i>
<i>Republic of Slovenia</i>	<i>32 917</i>	<i>3 291 700 000</i>
<i>Slovak Republic</i>	<i>69 418</i>	<i>6 941 800 000</i>
<i>Republic of Finland</i>	<i>125 531</i>	<i>12 553 100 000</i>
Total	7 047 987	704 798 700 000

PART 2

TEXT OF ESM TREATY IN THE ENGLISH LANGUAGE

TREATY

ESTABLISHING THE EUROPEAN STABILITY MECHANISM

BETWEEN THE KINGDOM OF BELGIUM, THE FEDERAL REPUBLIC OF GERMANY,
THE REPUBLIC OF ESTONIA, IRELAND, THE HELLENIC REPUBLIC,
THE KINGDOM OF SPAIN, THE FRENCH REPUBLIC,
THE ITALIAN REPUBLIC, THE REPUBLIC OF CYPRUS, THE REPUBLIC OF LATVIA,
THE REPUBLIC OF LITHUANIA, THE GRAND DUCHY OF LUXEMBOURG, MALTA,
THE KINGDOM OF THE NETHERLANDS, THE REPUBLIC OF AUSTRIA,
THE PORTUGUESE REPUBLIC, THE REPUBLIC OF SLOVENIA,
THE SLOVAK REPUBLIC AND THE REPUBLIC OF FINLAND

THE CONTRACTING PARTIES, the Kingdom of Belgium, the Federal Republic of Germany, the Republic of Estonia, Ireland, the Hellenic Republic, the Kingdom of Spain, the French Republic, the Italian Republic, the Republic of Cyprus, the Republic of Latvia, the Republic of Lithuania, the Grand Duchy of Luxembourg, Malta, the Kingdom of the Netherlands, the Republic of Austria, the Portuguese Republic, the Republic of Slovenia, the Slovak Republic and the Republic of Finland (the “euro area Member States” or “ESM Members”);

COMMITTED TO ensuring the financial stability of the euro area;

RECALLING the Conclusions of the European Council adopted on 25 March 2011 on the establishment of a European stability mechanism;

WHEREAS:

- (1) The European Council agreed on 17 December 2010 on the need for euro area Member States to establish a permanent stability mechanism. This European Stability Mechanism (“ESM”) will assume the tasks currently fulfilled by the European Financial Stability Facility (“EFSF”) and the European Financial Stabilisation Mechanism (“EFSM”) in providing, where needed, financial assistance to euro area Member States.
- (2) On 25 March 2011, the European Council adopted Decision 2011/199/EU amending Article 136 of the Treaty on the Functioning of the European Union with regard to a stability mechanism for Member States whose currency is the euro¹² adding the following paragraph to Article 136: “The Member States whose currency is the euro may establish a stability mechanism to be activated if indispensable to safeguard the stability of the euro area as a whole. The granting of any required financial assistance under the mechanism will be made subject to strict conditionality”.

¹² OJ L 91, 6.4.2011, p. 1.

- (3) With a view to increasing the effectiveness of the financial assistance and to prevent the risk of financial contagion, the Heads of State or Government of the Member States whose currency is the euro agreed on 21 July 2011 to “increase [the] flexibility [of the ESM] linked to appropriate conditionality”.
- (4) Strict observance of the European Union framework, the integrated macro-economic surveillance, in particular the Stability and Growth Pact, the macroeconomic imbalances framework and the economic governance rules of the European Union, should remain the first line of defence against confidence crises affecting the stability of the euro area.
- (5) On 9 December 2011 the Heads of State or Government of the Member States whose currency is the euro agreed to move towards a stronger economic union including a new fiscal compact and strengthened economic policy coordination to be implemented through an international agreement, the Treaty on Stability, Coordination and Governance in the Economic and Monetary Union (“TSCG”). The TSCG will help develop a closer coordination within the euro area with a view to ensuring a lasting, sound and robust management of public finances and thus addresses one of the main sources of financial instability. This Treaty and the TSCG are complementary in fostering fiscal responsibility and solidarity within the economic and monetary union. It is acknowledged and agreed that the granting of financial assistance in the framework of new programmes under the ESM will be conditional, as of 1 March 2013, on the ratification of the TSCG by the ESM Member concerned and, upon expiration of the transposition period referred to in Article 3(2) TSCG on compliance with the requirements of that article.
- (6) Given the strong interrelation within the euro area, severe risks to the financial stability of Member States whose currency is the euro may put at risk the financial stability of the euro area as a whole. The ESM may therefore provide stability support on the basis of a strict conditionality, appropriate to the financial assistance instrument chosen if indispensable to safeguard the financial stability of the euro area as a whole and of its Member States. The initial maximum lending volume of the ESM is set at EUR 500 000 million, including the outstanding EFSF stability support. The adequacy of the consolidated ESM and EFSF maximum lending volume will, however, be reassessed prior to the entry into force of this Treaty. If appropriate, it will be increased by the Board of Governors of the ESM, in accordance with Article 10, upon entry into force of this Treaty.
- (7) All euro area Member States will become ESM Members. As a consequence of joining the euro area, a Member State of the European Union should become an ESM Member with full rights and obligations, in line with those of the Contracting Parties.
